

Treoirlínte Ollscoile do Chláir Chéime (Taighde)

Do mhic léinn taighde, stiúrthóirí agus comhaltaí foirne

Deireadh Fómhair 2007

Clár na nÁbhar

Brollach **5**
1 Réamheolas **6**
1.1 Aidhm na dTreoirlínte 6
2 Rólanna Comhlachtaí agus Oifigigh Ollscoile **6**
2.1 An Chomhairle Acadúil 6
2.2 Déan Staidéar Iarchéime 6
3 Rólanna na gColáistí agus Dhéin na gColáistí **7**
3.1 An Coláiste 7
3.2 Déan/Leas-Déan an Choláiste 8
4 Coiste Taighde Iarchéime an Aonaid **8**
4.1 Comhdhéanamh agus Téarmaí Tagartha 8
4.2 Rólanna 9
4.3 Soláthar breise 10
5 Stiúrthóir(í) **10**
5.1 Freagrachtaí 10
6 An Mac Léinn **11**
6.1 Iontráil 11
6.2 Teidlíochtaí agus dualgais 12
6.3 Freagrachtaí 13
6.4 Áiseanna 14
6.5 Tacaíocht agus Meantóireacht 14
6.6 Ionduchtú agus Forbairt 14
7 Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn **15**
7.1 Bearta Tosaigh 16
7.2 Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn 16
7.3 Cinntí maidir le tráchtais a leagan isteach 17
7.4 Achomhairc agus gearáin 17
8 An Tráchtas **17**
9 Scrúdú Iarrthóirí do Chéim Mháistreachta (Taighde) **17**
9.1 Critéir 17
9.2 Socruithe 18
9.3 Na Scrúdaitheoirí 18
9.4 Scrúdú Béil 18
9.5 Tuairisc an Scrúdaithe 19
9.6 Athbhreithniú 19
10 Scrúdú Iarrthóirí PhD **19**

10.1 Critéir 19
10.2 Socruithe 19
10.3 Na Scrúdaitheoirí 20
10.4 An Scrúdú Béil 21
10.5 Athbhreithniú 21
11 Achoimre ar Threoirlínte Ollscoile 22
Aguisín 1: NA RIALACHÁIN A BHAINEANN LE hARDCHÉIMEANNA TAIGHDE 23
CÉIM PhD 23
Riachtanais Iontrála agus Nósanna Imeachta i leith Iarratais 23
Treoir agus Stiúradh 24
Scrúdú 24
Treoracha maidir le Formáid, Leagan Amach agus Cur i Láthair 27
CÉIMEANNA MÁISTREACHTA (TAIGHDE) 28
Aguisín 2: AMCHLÁR AGUS FOIRMEACHA ÁBHARTHA OIFIGIÚLA . 29
Amchlár Scrúduithe 29
Foirmeacha 29
Aguisín 3: CÁIPÉIS LE hEOLAS GINEARÁLTA REATHA FAOI CHÉIMEANNA MÁISTREACHTA (TAIGHDE) 41

Brollach

Tá OÉ Gaillimh tiomanta don obair le mic léinn taighde – obair a chinntíonn go mbíonn ar chumas na mac léinn tabhairt faoi shlite beatha agus faoi ghairmeacha éagsúla nuair a bhíonn an chéim bronnta orthu. Cinntíonn oiliúint sna modhanna agus sa chleachtas taighde go bhforbraítear an tuiscint go mbraitheann eolas ar mhodhanna cuí fiosrúcháin *agus* go mbaineann leanúnachas le heolas. Cinntíonn oiliúint taighde go mbíonn céimithe in ann tabhairt faoi ghairmeacha laistigh *agus* lasmuigh dá ndisciplíní roghnaithe — is léir do na céimithe a bhfuil i gceist le 'modhanna foghlama'.

I ré seo na speisialtóireachta, ní féidir mórán tionscadal taighde a struchtúrú chun deiseanna grádaithe a chur ar fáil leis na scileanna cineálacha ar fad atá riachtanach chun an tionscadal a chur i bhfeidhm nó gairm a roghnú a shealbhú go barréifeacht. Ar an ábhar sin, táthar ag breathnú ar oiliúint taighde (oiliúint PhD go háirithe) mar chúrsaí a dteastaíonn scileanna gaolmhara cineálacha uathu, agus tá OÉ Gaillimh tiomanta do na cúrsaí seo a sholáthar laistigh de struchtúir na scoileanna céimithe nua.

Tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairleach, a bhfuil ionadaithe stiúrthóirí taighde agus mic léinn ó na coláistí ar fad iontu, mar aon le hoifigigh Ollscoile, le linn na dTreoirlínte seo a ullmhú. Is ann do na Treoirlínte, na rialacháin ghaolmhara athbhreithnithe, agus na beartais agus nósanna imeachta atá iontu, le caighdeáin arda a chinntiú san oiliúint taighde in OÉ Gaillimh. Tá sé mar aidhm leo 'pobal scoláirí' a chruthú, rud a bhí le mothú i ndea-thimpeallacht ollscoile i gcónaí, ach gné a d'fhéadfadh a bheith i mbaol de dheasca méadú a bheith ag teacht ar an líon mac léinn chomh maith.

Baineann na Treoirlínte seo ar fad le gach mac léinn iarchéime taighde a chláraíonn den chéad uair in 2007-08 nó ina dhiaidh sin. Lena chois sin, bainfidh siad, ar iarraidh ó mhac léinn, le mac léinn iarchéime taighde reatha ar bith a chláraigh den chéad uair roimh 2007-08.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne gach duine chun an cháipéis seo a chur i dtoll a chéile agus, go háirithe, mo bhuíochas a chur in iúl don Ollamh Jim Gosling, An Stiúrthóir Feabhais, a rinne an-obair chun na Treoirlínte seo a fhorbairt.

Ní bheidh na Treoirlínte seo éifeachtach leo féin, áfach. Tá Déan Stáidéar Céime nua le ceapadh, tá coistí taighde iarchéime aonad le bunú, tá cúrsaí cineálacha oiliúna á bhforbairt do stiúrthóirí agus do mhic léinn (le comhoibriú idir-ollscoile), beidh treoirlínte ginearálta ag coláistí na hOllscoile le cur leis na Treoirlínte Ollscoile seo, agus leanfar leis an bhforbairt ar Oifig Iontrála agus Taifead na Mac Léinn Iarchéime.

I ndeireadh na dála, beidh deis ag mic léinn aiseolas a thabhairt go rialta agus a bheidh le fáil ag oifigigh agus stiúrthóirí Ollscoile, Coláiste agus Scoile agus é mar aidhm a chinntiú go bhfuil caighdeáin arda le fáil i ngach gné den oiliúint taighde.

An tOllamh Jim Browne
An Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid
Deireadh Fómhair 2007

1 Réamheolas

Is ann do na Treoirlínte seo chun iad a léamh agus a thuiscint i gcomhthéacs clár céime taighde, a bhfuil sé mar aidhm leis eolas agus scoláireacht a chur chun cinn agus, ag an am céanna, foghlaim a éascú i ndisciplín nó speisialtacht ar leith. Baineann ábharthacht ar leith leis na nithe seo a leanas freisin:

- An fhorbairt oideachais, chultúrtha agus fhisiceach, agus leas na mac léinn
- Spiorad fiosrúcháin a chothú, mar aon le cultúr scoláireachta, taighde agus cruthaitheachta i dtimpeallacht na mac léinn
- Na caighdeáin idirnáisiúnta is airde scoláireachta, taighde agus cruthaitheachta, más ábhartha, a fhorbairt agus a chothabháil
- Comhionannas agus cothroime, agus forálacha ar leith do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

1.1 Aidhm na dTreoirlínte

Is é atá mar aidhm leis na Treoirlínte seo comhthéacs Ollscoile a sholáthar – comhthéacs atá ag teacht le héiteas agus Pleananna Straitéiseacha OÉ Gaillimh, agus comhthéacs ina n-éascaítear forbairt, cur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na nósanna imeachta áitiúla agus disciplín-bhunaithe. Le linn an chomhthéacs seo a sholáthar, tá sé mar aidhm leis na Treoirlínte seo a chinntiú go bhfuil na caighdeáin bhunúsacha agus an chomparáideacht bhunúsach atá riachtanach le trédhearcacht i gcomhlíonadh na hOllscoile le dea-chleachtas idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

Lena chois sin, feidhmíonn na treoirlínte seo i gcomhar le 'Na Rialacháin do Chéim PhD' (Aguisín 1), foirmeacha a úsáidtear i riaradh scrúduithe chéim PhD (Aguisín 2) agus rialacháin agus foirmeacha a bhaineann le céimeanna máistreachta taighde (féach ar an roinn ábhartha i réamheolairí choláistí na hOllscoile, agus Aguisín 2 agus Aguisín 3).

D'fhonn a chinntiú gur féidir an aidhm seo a chomhlánú ní mór athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na Treoirlínte seo chun aiseolas a chur san áireamh chomh maith le cleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn (Cuid 10).

2 Rólanna Comhlachtaí agus Oifigigh Ollscoile

2.1 An Chomhairle Acadúil

Is í an Chomhairle Acadúil atá freagrach as gach ceist a bhaineann le feidhmiú na ngníomhaíochtaí acadúla, agus is í atá freagrach as na cláir iarchéime thaighde, lena n-áirítear caighdeáin agus nósanna imeachta. Is í an Chomhairle Acadúil a cheadaíonn athbhreithniú suntasach ar na Treoirlínte seo agus ar na rialacháin ábhartha.

2.2 Déan Staidéar Iarchéime

Tá an Déan Staidéar Iarchéime, leis an Rúnaí um Ghnóthaí Acadúla agus Buanchoiste na Comhairle Acadúla, freagrach as bainistiú chláir taighde iarchéime na hOllscoile. Tá sé/sí freagrach as na gnéithe seo a leanas:

1. Tuarascáil bhliantúil a chur le chéile faoi chláir thaighde iarchéime na hOllscoile le cur faoi bhráid na Comhairle Acadúla (ag cruinniú deiridh na bliana go hiondúil)
2. Aon athbhreithniú is gá a chur i bhfeidhm ar na Treoirlínte seo, agus na rialacháin chuí agus cáipéisí eile cosúil le nósanna imeachta oibríochta agus foirmeacha a ullmhú agus a athbhreithniú
3. A chinntiú go ndéantar athbhreithniú agus machnamh ar aiseolas a fhaightear ó mhic léinn taighde, stiúrthóirí, coistí taighde iarchéime agus scrúdaitheoirí, agus go ndreáchtaítear agus go gceadaítear athrú ar bith nach mór a dhéanamh sna treoirlínte nó sna rialacháin
4. Ag obair le déin na gcoláistí agus na leas-déin chuí d'fhonn a chinntiú go bhfuil na treoirlínte agus nósanna imeachta ar fad ag teacht le treoirlínte agus nósanna imeachta na hOllscoile
5. Próisis scrúdaithe céimeanna máistreachta agus PhD taighde a rialú agus a mhonatórú.

3 Rólanna na gColáistí agus Dhéin na gColáistí

In a lán coláistí is leor sraith shingil treoirlínte etc. le riachtanais na ndisciplíní ar fad a chomhlíonadh, ach i gcoláistí eile d'fhéadfadh dóthain éagsúlachta a bheith le brath i gcleachtais agus traidisiúin (atá ag teacht le dea-chleachtais idirnáisiúnta sna disciplíní seo) chun prótacail ar leith a fhorbairt agus a fheidhmiú. D'fhonn comparáideacht agus cothabháil na gcaighdeán maith a éascú, ní mór líon shraith na dtreoirlínte a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Réimse amháin ina bhféadfaí glacadh le treoirlínte athraitheacha agus rialacháin shonracha é Cleachtas sna hEalaíona agus sna Meáin – réimse ina n-áirítear miontráchtas nó tráchtas mar aon le píosa ealaíne nó scannán a chruthú.

3.1 An Coláiste

Is é an Coláiste an comhlacht atá freagrach as gach ceist a bhaineann le feidhmiú na gclár acadúil, agus tá gach coláiste freagrach as na cláir iarchéime thaighde, lena n-áirítear cláir thaighde, caighdeáin agus nósanna imeachta san áireamh. Is é an coláiste a cheadaíonn gach athbhreithniú suntasach ar threoirlínte cuí.

Ag glacadh leis gur leor sraith shingil (ar a laghad) treoirlínte agus nósanna imeachta chun na cúinsí ar fad i gcoláiste a áireamh, déantar scrúdú criticiúil ar gach iarratas ar threoirlínte athraitheacha agus, más cuí, ceadaíonn an coláiste na treoirlínte seo. Sa chás go mbíonn níos mó ná sraith shingil treoirlínte, déanann coláiste an méid céanna monatóireachta ar gach sraith treoirlínte.

Sa chás nach ann do threoirlínte cuí atá ceadaithe go foirmiúil ag na comhlachtaí cuí, baineann feidhm leis na Treoirlínte Ollscoile seo.

Ullmhaíonn an déan (nó leas-déan ainmnithe, féach thíos) tuarascáil bhliantúil ar cláir thaighde iarchéime gach coláiste agus cuirtear an tuarascáil bhliantúil seo faoi bhráid an Déin Staidéar Iarchéime. Ullmhaítear an tuarascáil bhliantúil seo faoi lár an chéad seimeastair agus áirítear ann cuntas ar aiseolas ó mhic léinn taighde, stiúrthóirí taighde, coistí taighde iarchéime cuí agus scrúdaitheoirí seachtracha ón mbliain roimhe sin. Trí shainmhínithe aontaithe idir institiúidí a chur san áireamh, áirítear i ngach tuarascáil staitisticí gonta agus cuimsitheacha maidir le taighde ar líon na mac

léinn taighde (cláir mháistreachta thaighde agus PhD), lena n-áirítear líon na mac léinn faoi na ceannteidil seo a leanas: mic léinn a chláraigh le déanaí, mic léinn atá díchláraithe go sealadach, mic léinn aistrithe (ó chúrsa máistreachta go cúrsa PhD agus a mhalairt), agus mic léinn a bhfuil céim faighte acu. Áirítear freisin rátaí reatha críochnúcháin, amanna críochnúcháin agus rátaí pas agus teipe.

3.2 Déan/Leas-Déan an Choláiste

Tá Déan an Choláiste freagrach as feidhmiú chlár taighde iarchéime an choláiste, ach is féidir leis/léi dualgais agus freagrachtaí ar leith a thabhairt do Leas-Déan.

An Leas-Déan

I gcomhthéacs céimeanna taighde iarchéime, tá Leas-Déan i ngach coláiste (An Leas-Déan Taighde b'fhéidir) atá freagrach as:

1. Obair leis an Déan Staidéar Iarchéime agus rannóga iarchéime na nGnóthaí Acadúla.
2. A chinntiú go ndéantar anailís agus machnamh ar aiseolas a fhaightear ó mhic léinn taighde, stiúrthóirí, coistí taighde iarchéime agus scrúdaitheoirí, agus go ndréachtaítear agus go gceadaítear athrú ar bith nach mór a dhéanamh sna treoirlínte nó sna rialacháin.

4 Coiste Taighde Iarchéime an Aonaid [1]

Tá sainghrúpa atá freagrach as comhlíonadh na dea-chleachtas bunúsach a chinntiú ag obair le gach mac léinn taighde agus gach stiúrthóir. Is ionann é seo agus 'coiste taighde iarchéime' (PRC), arna cheapadh ag an aonad cuí.

4.1 Comhdhéanamh agus Téarmaí Tagartha

Nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh maidir le comhaltacht PRC áirítear gaolmhaireachtaí le hinstitiúidí agus ionaid ghaolmhara taighde, agus an measc tionscadal taighde atá ar bun san aonad. Uaireanta baineann buntáiste le comhalta lasmuigh den aonad a bheith ar an gCoiste Taighde Iarchéime.

Tá dhá chineál PRC laistigh de OÉ Gaillimh. Is é atá i gceist leis an gcéad chineál PRC coiste 'singil' a fheidhmíonn thar ceann na mac léinn agus na stiúrthóirí taighde ar fad in aonad. Is é atá i gceist leis an dara cineál PRC coiste tiomnaithe do gach mac léinn, coiste ar a bhfuil stiúrthóir(í) an mhic léinn.

Tá ar a laghad triúr comhaltaí foirne den fhoireann acadúil ar PRC 'singil' — taighdeoirí agus stiúrthóirí taighde a bhfuil taithí acu — ollamh bunaithe nó ollamh pearsanta amháin ar a laghad. De ghnáth, is comhalta é ceann an aonaid.

Tá ar a laghad triúr comhaltaí ar gach PRC 'tiomnaithe', lena n-áirítear taighdeoir/stiúrthóir amháin le taithí, agus ar a laghad ollamh amháin agus stiúrthóir(í) an mhic léinn.

Sa chás go n-ainmnítear meantóir foirne do mhic léinn, féadfaidh sé/sí a bheith ar choiste 'singil' an mhic léinn (féach ar Chuid 6.5).

[1] Scoil/roinn acadúil, institiúid nó ionad taighde

Feidhmíonn gach PRC faoi théarmaí tagartha sainithe a thagann leis na Treoirlínte Ollscoile seo agus le treoirlínte comhaontaithe, atá ceadaithe go foirmiúil ag an aonad agus ag an gcoláiste.

4.2 Rólanna

Oibríonn gach PRC leis an mac léinn/na mic léinn agus leis an stiúrthóir/na stiúrthóirí ainmnithe ar mhaithe le tacú leo leis an staidéar léinn agus taighde, mar aon le cur ar chumas an mhic léinn tráchtas a chur le chéile agus céim a bhaint amach. Chuige sin, déanann an Coiste na nithe seo a leanas:

- Cinntear leis an stiúrthóir (go háirithe stiúrthóirí nach bhfuil mórán taithí acu) go bhfuil an saineolas cuí aige/aici chun mac léinn a stiúradh sa réimse molta, agus go bhfuil an tionscadal feiliúnach agus ábhartha, agus go bhfuil an t-aonad, bunaithe ar dhearcadh acadúil agus acmhainní, in ann glacadh leis an mac léinn sin.
- Socraítear leis an stiúrthóir (agus bunaithe ar an eolas atá curtha ar fáil ag an mac léinn) go bhfuil an cumas acadúil ag an mac léinn tabhairt faoin taighde beartaithe agus go mbeidh sé/sí in ann an tionscadal a chur i gcrích. (B'fhéidir go mbainfeadh tábhacht ar leith leis an bpointe deiridh thuas más gá don mhac léinn a bheith ag obair ar an tionscadal ar bhonn seachtrach).
- Cuirtear moladh faoi bhráid an choláiste gur cheart glacadh leis an mac léinn ar an gclár máistreachta taighde / PhD cuí.
- Cuireann sé comhairle ar an mac léinn mar aon le spreagadh a thabhairt (féach ar Chuid 6.5).
- Cuireann sé comhairle ar an stiúrthóir maidir le ceisteanna acadúla/teicniúla/eiticiúla/sábháilteachta a thagann chun cinn i rith an tionscadail.
- Déantar monatóireacht neamhfhoirmiúil ar ualach oibre an mhic léinn (lena n-áirítear obair thaighde an tionscadail, teagasc riachtanach, dualgais bhreise san aonad agus tiomantas eile) agus, de réir mar is cuí, comhairle a thabhairt nó idirghabháil a dhéanamh.
- A bheith ar fáil le dul i gcomhairle leis an mac léinn maidir le ceisteanna ar bith a bhaineann leis an tionscadal.
- Moltaí a thabhairt do choiste bainistíochta an aonaid agus do mhic léinn an choláiste ar mian leo dul ó chéim mháistreachta taighde go clár PhD.
- Comhairle a chur ar an mac léinn agus stiúrthóir(í) nuair a bhíonn an iomarca ama á chaitheamh ar thionscadal.
- Feidhmiú, ar an gcéad dul síos, ar bhealach tacúil, neamhfhoirmiúil, chun soiléiriú agus réiteach fadhbanna mic léinn/stiúrthóra a éascú go luath sa phróiseas agus, sa chás go mbíonn fadhb chomhsheasmhach nó dheacair, feidhmiú ar bhealach foirmiúil (le hionchuir bhreise inmheánacha) d'fhonn teacht ar réiteach.
- Feidhmiú ar mhaithe le leanúnachas an tionscadail taighde a chinntiú murar féidir leis an stiúrthóir leanúint leis an obair, nó má théann sé/sí ar scor nó má fhágann sé/sí a p(h)ost.

- Comhairle a thabhairt do lucht bainistíochta aonaid nuair a mheastar gá a bheith le gníomhaíocht ag leibhéal aonaid nó leibhéal níos airde de dheasca ceisteanna tugtha chun solais ag mic léinn nó stiúrthóirí
- Plé a dhéanamh leis an stiúrthóir/na stiúrthóirí maidir le roghnú scrúdaitheoirí seachtracha agus inmheánacha agus déantar nóta de na hainmnithigh atá le meas ag an gcoláiste cuí agus ag an gComhairle Acadúil. Má mholtar scrúdaitheoirí a cheapadh in ainneoin go bhfaigheann mac léinn locht ar an gceapachán sin, soláthraítear réasúnaíocht scríofa leis an moladh.

4.3 Soláthar breise

D'fhonn gníomhaíocht sciobtha, éifeachtach agus feabhas leanúnach a chinntiú déanfar na nithe seo a leanas:

- De réir théarmaí tagartha comhaontaithe an choiste, féadfaidh comhalta ainmnithe de PRC feidhmiú thar ceann an choiste iomláin i gcásanna a meastar gá a bheith le gníomhaíocht láithreach bonn.
- Trí leas a bhaint as aiseolas ó mhic léinn agus stiúrthóirí, déanfar athbhreithniú rialta ar théarmaí tagartha PRC.

5 Stiúrthóir(í)

Is é an stiúrthóir an duine atá freagrach as comhairle a thabhairt maidir leis an taighde atá déanta ag an mac léinn. Uaireanta feileann sé comhstiúrthóirí a cheapadh, do thionscadail idirdhisciplíneacha nó do thionscadail chomhoibritheacha. I gcásanna den sórt sin, ní mór príomhstiúrthóir a ainmniú (comhalta buan d'fhoireann acadúil na hOllscoile de ghnáth). Glacann an príomhstiúrthóir freagracht as bainistíocht iomlán oiliúint agus tionscadal taighde an mhic léinn, mar aon le freagracht as ceisteanna ábhartha riaracháin.

Scoláirí agus taighdeoirí gníomhacha iad stiúrthóirí tionscadal taighde iarchéime, is daoine iad a bhfuil an-chuid bainte amach acu agus neart ábhair foilsithe acu. Tá PhD acu i réimse cuí acadúil, nó taifead comhionann gnóthachtála. Tá méid áirithe oiliúint maidir le maoirsiú agus bainistíocht tionscadal faighte ag na stiúrthóirí ar fad. Insíonn cinn aonaid do chomhaltaí foirne nua faoi seo agus ní mór do gach stiúrthóir nua freastal ar an oiliúint seo.

5.1 Freagrachtaí

Is féidir go mbeadh an-tionchar ag tiomantas agus saineolas an stiúrthóra/na stiúrthóirí ar an toradh a bhíonn ar thionscadal taighde iarchéime. I measc fhreagrachtaí sonracha an stiúrthóra tá:

- Tacú leis an mac léinn tionscadal taighde agus/nó plean oibre a fhorbairt agus a fheabhsú.
- A chinntiú go gcuirtear an mac léinn in aithne do chomhaltaí an choiste taighde iarchéime nuair a chuirtear tús leis an staidéar.
- Comhairle agus treoir a thabhairt maidir le treo an tionscadail taighde agus na straitéisí a d'fhéadfaí a úsáid chun na cuspóirí taighde a bhaint amach.
- Comhairle a chur ar an mac léinn maidir lena riachtanais shainiúla agus chineálacha oiliúna.

- Treoir a thabhairt maidir leis an gcaighdeán oibre a bhfuil súil leis do chéim mháistreachta trí thaighde nó céim PhD nuair a chuirtear in iúl don mhac léinn conas mar atá ag éirí leis/léi. Baineann tábhacht ar leith leis seo nuair nach bhfuil na caighdeáin riachtanacha á gcomhlíonadh.
- A chinntiú go ndéantar cumarsáid éifeachtach leis an mac léinn, go ndéantar teagmháil leis an mac léinn go rialta, agus go dtaifeadtar agus go n-aontaítear ar phríomhthuiscintí agus ar phríomhchinntí.
- Tuairisc scríofa a thabhairt don PRC agus don choláiste (de réir formáid atá leagtha síos) faoi dhul chun cinn an mhic léinn ag deireadh gach bliana. Bíonn an t-eolas seo a leanas le fáil i ngach tuairisc:
    - An líon cruinnithe, fad na gcruinnithe agus tábhacht na gcruinnithe leis an mac léinn sa tréimhse i gceist;
    - Léargas ar an méid a bhain an mac léinn amach sa tréimhse roimhe sin;
    - Eolas tugtha ag an mac léinn faoi ailt ábhartha atá le foilsiú aige/aici (ag léirú an bhféadfaí a bheith ag súil leis seo);
- Aiseolas ar láithreoireachtaí scríofa nó béil a thugann an mac léinn.
- Deis a thabhairt don mhac léinn casadh le taighdeoirí eile sa réimse trí chinntiú go bhfreastalaíonn sé/sí ar chomhdhálacha etc. de réir mar is cuí agus is indéanta.
- Spreagadh, comhairle agus cúnamh a thabhairt chun páipéir chomhdhála a chur i láthair agus páipéir scolártha bunaithe ar an tionscadal taighde a fhoilsiú, agus, ag an am céanna, a chinntiú go dtugtar aitheantas cuí don mhac léinn as a bhfuil déanta aige/aici (e.g. údaracht páipéar agus aitheantas ag seimineáir etc.)
- A chinntiú go dtugtar faoin taighde ar bhealach sábháilte agus go gcomhlíontar ardchaighdeáin eiticiúla.
- A chinntiú go bhfuil na mic léinn á stiúradh i rith tréimhse ar bith nuair a bhíonn an stiúrthóir as láthair.

6 An Mac Léinn

Is ann do chláir PhD agus cláir mháistreachta thaighde chun scoláireacht, taighde agus cruthaitheacht a chur chun cinn. Bíonn baint ag stiúrthóirí, scrúdaitheoirí agus riarthóirí leo agus is cuid mhór de ghníomhaíochtaí ollscoileanna iad a chinntíonn go gcomhlíontar riachtanais scileanna an náisiúin. Ach níl dabht ar bith faoi ach gur ar mhic léinn atá na cláir seo bunaithe, cláir a chruthaíonn spéis sa léann, deiseanna dul i ngleic le cruacheisteanna agus gairmeacha beatha taitneamhacha a aimsiú. Is ag an leibhéal fochéime a chuirtear tús le mic léinn a ullmhú le tabhairt faoi chéim thaighde. Ní mór go dtuigfeadh mic léinn a bhfuil i gceist le taighde iarchéime bunaithe ar an raon gairmeacha beatha atá ar fáil dóibh.

6.1 Iontráil

Cinntíonn na nósanna imeachta atá ann maidir le hiontráil mac léinn ar chláir chéime taighde na nithe seo a leanas:

- Go sainítear critéir oiriúnachta d'iarrthóirí.
- Cinntítear nach mbíonn mic léinn ó thar lear faoi mhíbhuntáiste ar bith.

- Tá rialacháin shoiléire agus loighciúla i bhfeidhm chun an gaol idir na cláir mháistreachta thaighde agus na cláir chéime PhD a rialú, mar aon le haistriú idir an dá chineál cláir.
- Is ann do shainmhínithe soiléire de mhic léinn lánaimseartha agus pháirtaimseartha, sainmhínithe a chuirtear san áireamh nuair a bhíonn táillí á ríomh, amchláir thionscadal á gcur le chéile, mar aon le meastacháin ar dhul chun cinn agus amanna críochnúcháin.

6.2 Teidlíochtaí agus dualgais

Soiléireacht agus cothroime i dteidlíochtaí agus freagrachtaí

San Ollscoil, leagtar an-bhéim ar shástacht na mac léinn taighde leis na coinníollacha oibre atá leagtha síos dóibh. Ní hamháin gur ábhar imní do mhic léinn na teidlíochtaí, sochair agus an t-ualach oibre atá acu, ábhar imní é freisin an chomparáid is féidir a dhéanamh lena bhfuil ar fáil do mhic léinn in áiteanna eile atá sa bhád céanna leo féin. Ní féidir dóthain béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann le stádas saor ó cháin íocaíochtaí caighdeánacha do mhic léinn taighde, agus ní mór do shealbhóirí deontais agus mic léinn a bheith ar an airdeall maidir leis na rialacháin a bhaineann leis seo. Dá bhrí sin, rialaítear agus déantar monatóireacht ar na nithe seo a leanas:

- Cothroime teidlíochtaí agus freagrachtaí. Áirítear é seo san Ollscoil trí chéile nuair a bhíonn treoirlínte áitiúla á n-ullmhú, rátaí comhaltachta á n-athbhreithniú agus ualú do dhualgais dhifriúla nó cibé rud a cheadaítear faoi imthosca eisceachtúla á gcomhaontú.
- Díolúine Scoláireachta na gCoimisinéirí Ioncaim a chomhlíonadh faoi alt 193 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 a rialaíonn stádas saor ó cháin íocaíochtaí do mhic léinn (díolúine atá deartha ar mhaithe le cuidiú le mic léinn cúrsa staidéir a chríochnú).

Is den tábhacht é go gcuirtear eolas maidir le teidlíochtaí, dualgais agus freagrachtaí an mhic léinn taighde in iúl go soiléir don iarrthóir. Áirítear orthu sin:

- Teidlíochtaí lena n-áirítear íocaíochtaí rialta, árachas agus sochair bhreise.
- Táillí agus costais eile agus an bhfuil tacaíocht airgeadais acu don tionscadal.
- Tinreamh agus riachtanais tuairiscithe.
- Cóid ábhartha iompraíochta agus cleachtas.
- Gníomhaíochtaí a bhaineann le múineadh, teagasc, stiúradh agus meantóireacht.

Dualgais

Dlúthchuid d'oiliúint an mhic léinn atá i mbun cúrsa máistreachta trí thaighde nó céim PhD riamh anall ba é a bheith ag teagasc. I samhlacha nua de 'oiliúint mac léinn taighde', ina bhfuil níos mó béime ar scileanna cineálacha agus inaistrithe a shealbhú, is gné thábhachtach é a leithéid i bhforbairt an chéimí taighde. Nós seanbhunaithe in a lán rann san Ollscoil is ea go mbíonn mic léinn ag teagasc ar feadh 6 huaire in aghaidh na seachtaine. Sampla amháin den chineál seo teagaisc é feidhmiú mar thaispeántóir ag dhá rang phraiticiúla trí huaire in aghaidh na seachtaine gach seimeastar.

Is é beartas na hOllscoile (sa chás gur clár ceithre bliana atá i gceist) go mbíonn na mic léinn PhD uile ag teagasc *thar shé sheimeastar nó thar trí bliana*

acadúla ar mhaithe le cláir ghaolmhara acadúla a chruthú. Ní bhíonn íocaíocht bhreise le fáil don obair seo. Ní mór athrú suntasach ar bith ón ngnáthnós 150 uair in aghaidh na bliana a cheadú i dtéarmaí na ndeiseanna oiliúna iomlána atá ar fáil don mhac léinn, agus níor cheart an iomarca athruithe mar seo a chur i bhfeidhm. I gcás na mac léinn sin atá cláraithe do chéimeanna máistreachta trí thaighde, is é an roinn i gceist a chinneann cé mhéad taithí atá riachtanach, ach is iondúil gurb é an nós céanna a bhíonn ann do mhic léinn nach bhfuil ach ag tosú ar PhD.

I ndáil le gníomhaíochtaí den sórt sin, atá ag cur le forbairt na mac léinn agus le misean teagaisc na hOllscoile, ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Tá an Ollscoil tiomanta do "gaolmhaireachtaí saibhre idir taighde agus teagasc a chinntiú" mar aon le cinntiú "go bhfaigheann mic léinn fochéime léargas ar an tairbhe a bhaineann le taighde"; ní féidir na rudaí seo a bhaint amach ach trí rannpháirtíocht comhaltaí foirne atá i mbun taighde agus mac léinn iarchéime
- Féadfar raon leathan gníomhaíochtaí a áireamh mar dhualgais, lena n-áirítear a bheith i mbun grúpaí teagaisc, taispeántais a thabhairt ag ranganna praiticiúla, tionscadail fochéime a chomhstiúradh agus meantóireacht mac léinn
- Neamhchosúil leis an nós a bhí ann i bhformhór na ndisciplíní roimhe seo, anois féadfar uaireanta a áireamh a chaitear i mbun ranganna a ullmhú, comhairle a thabhairt, monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail mhac léinn, agus leabhair nótaí, tionscadail nó aistí a cheartú
- Soláthairtí ar leith ar féidir a dhéanamh sna treoirlínte.
- Is féidir go mbeadh scéimeanna inmheánacha ar leith le maoiniú a sholáthar do mhic léinn taighde a bhíonn ag teagasc ar choinníollacha comhaontaithe, réamhshainithe – mic léinn a d'fhéadfadh a bheith ag obair faoi réir dhualgais agus choinníollacha nach dtagann laistigh de théarmaí na dTreoirlínte seo.
- I gcás na mac léinn siúd atá á maoiniú féin agus nach bhfuil ag baint leasa as díolúine saor ó cháin, ceadaítear íocaíocht a dhéanamh i ndáil leis na dualgais teagaisc, taispeántais agus stiúrthóireachta uile.

6.3 Freagrachtaí

Ionas go n-éireoidh go maith le duine i dtaighde iarchéime tá gá le tiomantas, díograis agus toilteanas glacadh le léirmheastóireacht chuiditheach agus stiúrthóireacht ó shaineolaí. Leagtar béim faoi leith ar an bpointe go nglacann gach mac léinn taighde le freagracht iomlán as an obair atá le déanamh aige/aici, mar shampla: Eolas a chur ar an Ollscoil agus na treoirlínte a bhaineann le hiarchéimeanna:

- Eolas a chur ar an Ollscoil agus na treoirlínte a bhaineann le hiarchéimeanna.
- Na scileanna speisialta agus cineálacha a theastaíonn don tionscadal agus d'ullmhú an tráchtais a shealbhú.
- A dóthain obair a dhéanamh agus obair éifeachtach a dhéanamh ar an tionscadal.
- Eolas a chur ar na noirm agus na treoirlínte a bhaineann le ceisteanna atá ábhartha i ndáil le torthaí taighde a chur in iúl, ceisteanna cosúil le bradaíl liteartha agus an úsáid is ceart a bhaint as athfhriotail, mar aon leis an tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt d'obair daoine eile.
- Dul chun cinn agus deacrachtaí a phlé leis an stiúrthóir agus leis an gcoiste ábhartha taighde iarchéime go rialta.

- Taifead cruinn agus cúramach a choinneáil d'fhormáidí riachtanacha na dtascanna cuí atá le cur i gcrích, agus tuairiscí ar dhul chun cinn a chur le chéile de réir mar is gá.
- Páirt a ghlacadh i dteagasc ábhartha acadúil, taispeántais agus tascanna teagaisc eile a aontaítear orthu.

6.4 Áiseanna

Ní hiad na háiseanna céanna a theastaíonn do gach tionscadal taighde. De réir a chéile, áfach, réamhriachtanais iad rochtain dhíreach ar ionstraimiú, cohórt comhoibrithe oilte agus buiséad mór bliantúil do thomhaltáin. Dá réir sin,

- Ní earcaítear mic léinn taighde ach amháin má tá na háiseanna agus tomhaltáin a theastaíonn chun an tionscadal beartaithe a chur i gcrích ar fáil.
- Déantar teagmháil le Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, Seirbhísí Ríomhaireachta, Oifig na bhFoirgneamh agus seirbhísí ábhartha eile Ollscoile agus soláthraithe tacaíochta eile sula n-earcaítear mic léinn, chun iad a chur ar an eolas maidir leis an líon mac léinn taighde a bheidh ag freastal ar an Ollscoil, agus riachtanais speisialta ar bith a d'fhéadfadh a bheith acu.

6.5 Tacaíocht agus Meantóireacht

Cé gurb é an cineál tacaíochta is tábhachtaí is féidir a thabhairt do mhac léinn timpeallacht oibre ina gcruthaítear cultúr dinimiciúil léinn agus taighde. Tá gá freisin le stiúrthóir a thugann spreagadh agus muinín don mhac léinn. Ach i measc na mbeart eile atá ann freisin tá:

- Soiléireacht maidir le líon agus fad na gcruinnithe idir mac léinn agus a stiúrthóir(í).
- Meantóir ainmnithe (seachas an stiúrthóir) ar comhalta é/í de chomhaltaí foirne acadúla na hOllscoile – meantóir a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige/aici chun an ról a chomhlíonadh agus atá in ann spreagadh a thabhairt don mhac léinn, mar aon le comhairle a chur air/uirthi. Tá cur síos níos mine le fáil ar shocruithe meantóireachta mionsonraithe nó socruithe malartacha sna treoirlínte.
- Deiseanna do mhic léinn seal a chaitheamh in institiúid chuí eile chun an tionscadal a bhrú chun cinn; go háirithe mic léinn a bhfuil gné áitiúil ag baint lena dtionscadail ag féachaint d'ábhair agus/nó modheolaíocht an tionscadail.
- Bearta breise tacaíochta agus oiliúna do mhic léinn ó thar lear agus mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu.

6.6 Ionduchtú agus Forbairt

Roimhe seo, nuair nach raibh ach líon beag mac léinn i gceist, d'fhoghlaim mic léinn ar bhonn neamhfhoirmiúil i ngrúpaí beaga acadúla. Sa lá atá inniu ann, de bhrí go bhfuil níos mó mac léinn ann, tá gá le cláir agus modhanna tacaíochta ionduchtúcháin níos foirmiúla ar mhaithe le forbairt ghairmiúil. Ina theannta sin, tá níos mó agus níos mó tacaíochta íosta á cur ar fáil ag gníomhaireachtaí maoiniúcháin do mhic léinn taighde.

Ionduchtú

Cuirtear clár ionduchtúcháin ar fáil do gach mac léinn, clár nach mór páirt a ghlacadh ann. I gcás inar gá, bíonn na cláir seo ar fáil dhá uair, ar a laghad, sa bhliain acadúil.

Cothaíonn clár éifeachtach ionduchtúcháin tuiscint ar gach gné de chláir ábhartha mháistreachta agus de chláir PhD, lena n-áirítear pleananna taighde a ullmhú, monatóireacht ar fheidhmíocht agus nósanna imeachta scrúduithe. Lena chois sin, pléitear a bhfuil i gceist le 'ualach réasúnta oibre' agus 'tinreamh inghlactha'. Chomh maith leis sin, mínítear dualgais teagaisc mac léinn, a gcearta agus freagrachtaí, ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag baint le maoin intleachtúil, cearta agus freagrachtaí stiúrthóirí, bradaíl liteartha, ceisteanna sábháilteachta agus eiticiúla, sainmhínithe ar mhí-iompar taighde, coinníollacha agus rialacháin bhunúsacha oibre, agus na háiseanna tacaíochta atá ar fáil ón tseirbhís ghairmeacha agus seirbhísí eile do mhic léinn.

Forbairt

Tagann na scileanna cineálacha agus speisialta is mó tairbhe do ghairmithe leis na scileanna a theastaíonn ó mhic léinn taighde le dul i mbun a gcuid tionscadal. Dá réir sin, tacóidh forbairt ghairmiúil mac léinn taighde san obair ullmhúcháin a bheidh le déanamh acu dá ngairmeacha, leis an taighde a bheidh idir lámha.

Trí chomhoibriú le tionscnaimh náisiúnta, tá OÉ Gaillimh agus a comhcholáistí ag forbairt clár struchtúrtha d'fhorbairt ghairmiúil, mar aon le deiseanna do mhic léinn taighde scileanna a shealbhú. Áireoidh sé seo:

- Na nósanna imeachta agus ceisteanna ábhartha ar fad a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht.
- Na scileanna bunúsacha ábhartha ar fad, lena n-áirítear scríbhneoireacht, próiseáil cáipéisí, próiseáil sonraí, láithreoireacht, staitisticí etc.
- Na scileanna bunúsacha ábhartha ar fad, lena n-áirítear scríbhneoireacht, próiseáil cáipéisí, próiseáil sonraí, láithreoireacht, staitisticí etc. Áirítear an méid seo i mbealaí a fheileann don líon mac léinn atá i gceist.
- I gcás na mac léinn siúd atá le tabhairt faoi obair allamuigh, an oiliúint a theastaíonn sna scileanna ábhartha a bhaineann lena ndisciplín agus lena dtionscadal siúd.
- De réir mar a leanann mic léinn lena dtionscadail taighde, cuirfear oiliúint (foirmiúil nó neamhfhoirmiúil) orthu (agus/nó taithí faoi stiúir) i ndáil le hiarratas a dhéanamh ar dheontais agus ailt a scríobh atá le foilsiú in irisí a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu etc.
- Sa chás freisin go bhfuil mic léinn taighde le fostú mar theagascóirí nó taispeántóirí, oiliúint bhunúsach riachtanach i scileanna oiriúnacha teagaisc agus stiúrthóireachta, le dóthain oiliúna curtha ar fáil sula gcuirtear tús leis an teagasc.

7 Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

Díreach cosúil leis na codanna eile de na treoirlínte seo, déanann daoine cinneadh faoi na mionsonraí a bhaineann leo féin ionas gur féidir ceisteanna a bhaineann le disciplíní ar leith a chur san áireamh.

7.1 Bearta Tosaigh

Is éard atá i gceist anseo cruinniú tosaigh neamhfhoirmiúil idir an mac léinn, an príomhstiúrthóir agus comhstiúrthóir(í) ar bith, cruinniú ag a n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

- Mínítear agus pléitear an clár molta taighde (nó an próiseas is cúis le cruthú an tsainmhínithe ar thionscadal taighde an mhic léinn) go mion, agus tugtar aird faoi leith ar an caighdeáin oibre a bhfuil súil leo.
- Soiléirítear na nósanna imeachta monatóireachta.
- Áirítear ceisteanna agus ábhar imní ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag an mac léinn.

Forbraítear plean taighde, agus aontaítear é seo go foirmiúil idir an mac léinn agus an stiúrthóir/na stiúrthóirí a luaithe agus is féidir, agus déantar athbhreithniú ar an bplean seo de réir mar is gá.

7.2 Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

Braitheann stiúrthóireacht agus monatóireacht éifeachtach na mac léinn taighde ar chumarsáid rialta, neamhfhoirmiúil idir mic léinn agus a stiúrthóirí, ach tá gá le cruinnithe níos foirmiúla agus miontuairiscí a choimeád chomh maith.

Déantar athbhreithniú foirmiúil ar dhul chun cinn gach mac léinn nuair a bhíonn sé mhí caite ón dáta a chláraigh an mac léinn (agus, ar aon chaoi, laistigh den chéad bhliain do mhic léinn lánaimseartha). Is é an Coiste Taighde Iarchéime a dhéanann an t-athbhreithniú seo, agus áirítear tuairimí an mhic léinn agus an stiúrthóra/na stiúrthóirí freisin. De ghnáth, bíonn an dul chun cinn a dhéantar sásúil ach, i gcásanna inar léir go bhfuil rannpháirtíocht agus/nó tiomantas an mhic léinn easnamhach, tugtar fógra foirmiúil den mhéid seo don mhac léinn.

Baineann tábhacht nach beag leis an athbhreithniú foirmiúil a dhéanann an Coiste Taighde Iarchéime ar dhul chun cinn mac léinn taighde nuair a bhíonn sé mhí caite, nuair a bhíonn 12 mhí caite agus (i gcás mac léinn PhD) nuair a bhíonn bliain caite. Cinntíonn na nósanna imeachta simplí a bhaineann le hathbhreithnithe den chineál seo soiléireacht agus trédhearcacht sa phróiseas, agus coimeádtar tuairisc ghairid scríofa de gach athbhreithniú. Baineann tábhacht le taifid iomlána, an nós imeachta cuí agus foirmiúlacht nuair a bhíonn cinntí tábhachtacha á ndéanamh:

- Nuair a cláraíonn mac léinn 'ar chosán PhD' do chéim mháistreachta (taighde) ar dtús báire, soláthraíonn an Coiste Taighde Iarchéime moladh maidir le feiliúnacht an mhic léinn sula ndéanann an coláiste cuí cinneadh maidir le cead a thabhairt don mhac léinn i gceist clárú do PhD.
- Bunaithe ar thuairiscí ar dhul chun cinn a mheas go cúramach, ionchur ón stiúrthóir/ó na stiúrthóirí, freagairtí an mhic léinn, agus ionchuir ó fhoinse chuí eile; féadfaidh Coiste Taighde Iarchéime, a éileamh, ar fhorais mhífheiliúnachta, go bhfágfadh mac léinn clár céime taighde, nó a éileamh go gcláródh mac léinn PhD do chéim mháistreachta (taighde) in athuair. Go hiondúil, tugann an coiste fógra roimh ré don mhac léinn agus don stiúrthóir más léir go bhféadfadh a leithéid tarlú, agus, i gcomhar leis an mac léinn, go bhfuil cinneadh déanta aistriú chuig clár oiriúnach eile.

Tá meicníochtaí rialta neamhfhoirmiúla agus neamhrialaitheacha maidir le dul chun cinn mic léinn, chomh tábhachtach céanna leis na nósanna imeachta foirmiúla. Is

iondúil gur i bhfoirm grúpa/roinn taighde nó láithreoireachtaí poiblí de thorthaí agus de chinntí iad na meicníochtaí seo.

7.3 Cinntí maidir le tráchtais a leagan isteach

Cuirtear in iúl do mhic léinn go dteastaíonn moladh dearfach ón stiúrthóir/ó na stiúrthóirí roimh ghlacadh le tráchtas mic léinn lena scrúdú.

7.4 Achomhairc agus gearáin

Níor cheart go mbeadh drogall ar bith ar mhac léinn dul chun cainte lena stiúrthóir, comhalta den Choiste Taighde Iarchéime, ceann an aonaid, leas-déan taighde an choláiste nó go deimhin déan an choláiste am ar bith.

Ina theannta sin, féadfaidh mac léinn gearán neamhfhoirmiúil a dhéanamh am ar bith maidir lena t(h)ionscadal nó stiúrthóireacht an tionscadail leis an gCoiste Taigdhe Iarchéime nó comhalta ar bith den choiste. Murar féidir an cheist a réiteach chun sástachta an duine/na ndaoine i gceist i ndiaidh idirghabháil neamhfhoirmiúil, féadfaidh sé/sí gearán *foirmiúil* a chur faoi bhráid an Choiste Taighde Iarchéime.

Féadfaidh mac léinn aon chinneadh foirmiúil a dhéanann a C(h)oiste Taighde Iarchéime a achomharc le déan an choláiste.

8 An Tráchtas

Tá nósanna imeachta éagsúla i gceist i ndáil le tráchtais mháistreachta (taighde) agus PhD. Go ginearálta, tagann formáidí, struchtúir, leagan amach tráchtais leis na caighdeáin inléiteachta agus fuinteachta a theastaíonn nó a éilítear.

- Tá cur síos maidir le formáidí inghlactha, gnáthfhad agus gnéithe eile a bhaineann le tráchtais mháistreachta agus PhD le fáil i Rialacháin na hOllscoile (Aguisíní 3 agus 1, faoi seach) agus b'fhéidir go mbeadh cur síos níos mine le fáil i dtreoirlínte cuí.
- Foilsíonn gach coláiste spriocdhátaí chun tráchtais a leagan isteach (le meastacháin maidir le ham scrúdaithe etc.) mar aon le dátaí shearmanas bronnta na gcéimeanna. (Tá eolas maidir le céimeanna máistreachta (taighde) le fáil in Aguisín 3 freisin).

9 Scrúdú Iarrthóirí do Chéim Mháistreachta (Taighde)

Díríonn scrúdú iarrthóra do chéim mháistreachta (taighde) ar fhoghlaim agus éachtaí mic léinn atá ag obair ar thionscadal ar leith. Dá réir sin, teastaíonn aird agus saineolas beirt scrúdaitheoirí. Tá an cháipéis reatha leis an eolas ginearálta ar fad ann le fáil in Aguisín 3.

9.1 Critéir

D'fhonn céim mháistreachta (taighde) a bhronnadh, ní mór do mhac léinn a léiriú gur éirigh leis/léi na nithe seo a leanas a bhaint amach le linn dó/di tionscadal comhaontaithe a chur i gcrích:

- Gur chuir sé/sí leis an tuiscint atá ar ábhar nó an méid atá ar eolas faoi ábhar.
- Gur féidir leis/léi a léiriú go bhfuil eolas agus tuiscint chuí aige/aici ar an réimse/na réimsí cuí staidéir agus

- Go bhfuil leibhéal comhfhreagrach saineolais ag an mac léinn ar mhodheolaíochtaí agus ar theicnící ábhartha.

Beidh fianaise le fáil ar comhlíonadh na critéir seo sa tráchtas agus ní iondúil go mbíonn gá le scrúdú béil.

9.2 Socruithe

Braitheann feidhmiú an phróisis scrúdaithe ar thuiscint cheart a bheith ag na daoine i gceist ar na rólanna atá acu, agus ar na nósanna imeachta sainithe.

- Féadfar cur síos soiléir, céim ar chéim den phróiseas iomlán scrúdaithe ón tús go dtí tuairisc(í) deiridh na scrúdaitheoirí a bheith le fáil i dtreoirlínte an choláiste chuí.
- I gcás gach coláiste, iarrtar aiseolas ar an bpróiseas scrúdaithe go rialta ó na mic léinn agus scrúdaitheoirí uile agus bíonn achoimre le fáil i dtuarascáil bhliantúil a chuirtear ar fáil don choláiste agus don Chomhairle Acadúil.

9.3 Na Scrúdaitheoirí

Is iondúil go mbíonn beirt scrúdaitheoirí páirteach i dtráchtas máistreachta (taighde) a scrúdú – scrúdaitheoir seachtrach agus scrúdaitheoir inmheánach. Cuirtear in iúl don iarrthóir nuair a cheaptar na scrúdaitheoirí agus nuair a bhíonn na socruithe eile déanta; agus féadfaidh iarrthóirí a gcuid tuairimí a chur in iúl chuig an gcoiste taighde iarchéime agus/nó don stiúrthóir i gceist. Ach bunús a bheith leis, féadfaidh iarrthóir diúltú do cheapachán scrúdaitheora ar leith.

Iarrtar ar gach scrúdaitheoir coinbhleacht leasa ar bith a d'fhéadfadh a bheith aige/aici i ndáil leis an scrúdú a chur in iúl.

An Scrúdaitheoir Seachtrach/Na Scrúdaitheoirí Seachtracha

Is iondúil gurb é an scrúdaitheoir seachtrach a bhíonn ag feidhmiú mar scrúdaitheoir seachtrach reatha ar na cúrsaí fochéime, cé go mbraitheann sé seo ar an disciplín i gceist. Más amhlaidh go dteastaíonn saineolas faoi leith i ndáil le réimse staidéir an tionscadail, cuirtear iarratas faoi bhráid na Comhairle Acadúla scrúdaitheoir seachtrach faoi leith a cheapadh. Bunaithe ar shaineolas agus peirspictíochtaí seach-institiúideacha, tá ról an-tábhachtach ag scrúdaitheoirí seachtracha.

An Scrúdaitheoir Inmheánach/Na Scrúdaitheoirí Inmheánacha

Go hiondúil, léachtóir nó ollamh le taithí é/í an scrúdaitheoir inmheánach. Uaireanta b'fhéidir go dteastódh ó choláiste oiliúint oiriúnach a bheith ar scrúdaitheoirí inmheánacha, scrúdaitheoirí atá i mbun na hoibre seo den chéad uair go háirithe.

Níor cheart go mbainfeadh príomhról na scrúdaitheoirí seachtracha an bonn de ról na scrúdaitheoirí inmheánacha – scrúdaitheoirí a bhfuil ar a gcumas ardchaighdeáin inmheánacha a chothabháil i gcónaí.

Ról an Stiúrthóra

De ghnáth, bíonn ról tábhachtach ag an stiúrthóir i rith an scrúdaithe freisin, i dtéarmaí an scrúdú a eagrú agus comhairle a chur ar na scrúdaitheoirí.

9.4 Scrúdú Béil

Más gá scrúdú béil a reáchtáil le hiarrthóir (de bhrí gur gnáthnós atá ann i ndisciplín áirithe, nó go n-iarrann na scrúdaitheoirí a leithéid), cloítear leis an nós céanna a bhíonn ann do chéim PhD (féach ar Chuid 10), cé gur gnách don scrúdú béil a bheith

níos giorra sa chás seo. Más amhlaidh go mbíonn achar fada le taisteal nó go mbaineann míchaoithiúlacht leis, féadfar scrúdú béil a dhéanamh trí fhíschomhdháil.

9.5 Tuairisc an Scrúdaithe

Sainítear an méid seo a leanas i rialacháin Ollscoile (féach ar Aguisín 3):

- Tréithe na tuairisce a theastaíonn i gcás aontoilíocht scrúdaitheoirí ar thoradh an scrúdaithe.
- An nós imeachta is féidir a chur i bhfeidhm sa chás go n-easaontaíonn an scrúdaitheoir le toradh an scrúdaithe.
- Nós imeachta achomhairc ar féidir le mac léinn nó stiúrthóir a úsáid sa chás go mbíonn easaontas ann i ndáil le toradh an scrúdaithe.

9.6 Athbhreithniú

I measc na dtorthaí a d'fhéadfadh a bheith ar an scrúdú tá céim a bhronnadh ar choinníoll go ndéantar ceartúcháin nó go ndéantar athbhreithniú ar an tráchtas. Sa chás go mbronntar céim ar choinníoll go gcuirtear ceartúcháin i bhfeidhm ar an tráchtas, is é/í an stiúrthóir atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar na ceartúcháin seo a chur i bhfeidhm, agus is é/í an scrúdaitheoir inmheánach atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann na hathruithe a dhéantar riachtanais na scrúdaitheoirí.

10 Scrúdú Iarrthóirí PhD

Tá sé riachtanach gur próiseas casta agus a bhfuil machnamh déanta air é an próiseas a bhaineann le hiarrthóir do Chéim PhD a mheas; scrúdú a bhíonn le déanamh i ndiaidh trí bliana nó níos mó a chaitheamh i mbun dianstaidéir/taighde/cruthaitheachta.

10.1 Critéir

D'fhonn PhD a bhronnadh, ní mór do mhac léinn a léiriú gur éirigh leis/léi na nithe seo a leanas a bhaint amach le linn dó/di tionscadal comhaontaithe a chur i gcrích:

- Gur chuir sé/sí leis an tuiscint atá ar an ábhar nó an méid atá ar eolas faoin ábhar.
- Go bhfuil an obair atá curtha i gcrích aige/aici feiliúnach le foilsiú, nó go bhfuil cuid den obair feiliúnach le foilsiú.
- Gur féidir leis/léi a léiriú go bhfuil eolas agus tuiscint chuí aige/aici ar an réimse/na réimsí cuí staidéir agus
- Go bhfuil saineolas aige/aici ar mhodheolaíochtaí agus teicnící bunúsacha agus casta.

Beidh fianaise le fáil ar comhlíonadh na critéir seo sa tráchtas, ach baineann an-tábhacht leis an scrúdú béil d'fhonn a dhearbhú ar baineadh amach na caighdeáin riachtanacha.

10.2 Socruithe

Braitheann feidhmiú an phróisis scrúdaithe ar thuiscint cheart a bheith ag na daoine i gceist ar na rólanna atá acu, agus ar na nósanna imeachta sainithe.

- Ba cheart go mbeadh cur síos soiléir, céim ar chéim den phróiseas iomlán scrúdaithe ón tús go dtí tuairisc(í) deiridh na scrúdaitheoirí le fáil i dtreoirlínte an choláiste chuí.
- Ach amháin in imthosca eisceachtúla, déanann gach iarrthóir PhD scrúdú béil agus bíonn na scrúdaitheoirí ar fad i láthair ag an scrúdú seo. Is féidir, áfach, bunaithe ar imthosca sainithe, i dtreoirlínte coláiste nó aonaid, go mbeadh cead ag scrúdaitheoir a bheith i láthair ag an scrúdú seo trí leas a bhaint as áiseanna físchomhdhála.
- Go hiondúil, is é an príomhstiúrthóir a bhíonn freagrach as an scrúdú béil a eagrú agus na socruithe eile ar fad a dhéanamh.
- Insíonn an té a eagraíonn an scrúdú béile don mhac léinn faoi na socruithe atá deánta agus, a luaithe is féidir, faoi athruithe dosheachanta ar bith.
- Bíonn na scrúduithe béil ar siúl in ionad oiriúnach agus ag láthair a fheileann do gach duine.
- I gcás gach coláiste, iarrtar aiseolas ar an bpróiseas scrúdaithe go rialta ó na mic léinn agus scrúdaitheoirí uile agus bíonn achoimre le fáil i dtuarascáil bhliantúil a chuirtear ar fáil don choláiste agus don Chomhairle Acadúil.
- I ngach coláiste, coimeádtar taifid fostaíochta scrúdaitheoirí seachtracha agus féadfar breathnú ar na taifid seo nuair a bhíonn scrúdaitheoirí nua á gceapadh.

10.3 Na Scrúdaitheoirí

Is iondúil go mbíonn beirt scrúdaitheoirí páirteach i dtráchtas PhD (taighde) a scrúdú, scrúdaitheoir seachtrach agus scrúdaitheoir inmheánach. Bíonn dhá chéim ar leith i gceist: an tráchtas a scrúdú agus an scrúdú béil nó *viva voce*.

Cuirtear in iúl don iarrthóir na scrúdaitheoirí poitéinsiúla agus na comhaltaí eile den bhord scrúdaithe atá á meas, mar aon leis na socruithe eile; agus féadfaidh iarrthóirí a gcuid tuairimí a chur in iúl don choiste taighde iarchéime agus/nó don stiúrthóir i gceist. Ach bunús a bheith leis, féadfaidh iarrthóir diúltú do cheapachán scrúdaitheora ar leith.

Iarrtar ar gach scrúdaitheoir coinbhleacht leasa ar bith a d'fhéadfadh a bheith aige/aici i ndáil leis an scrúdú a chur in iúl.

An Scrúdaitheoir Seachtrach/Na Scrúdaitheoirí Seachtracha

Roghnaítear scrúdaitheoirí seachtracha bunaithe ar shaineolas i réimse staidéir an tionscadail atá á mheas. Bunaithe ar an saineolas atá acu, tá ról an-tábhachtach ag scrúdaitheoirí seachtracha agus is iondúil gurb iad a bhíonn i gceannas ar an bpróiseas ar fad a bhaineann leis an scrúdú béil. Sa chás go mbíonn níos mó ná scrúdaitheoir seachtrach amháin ann, roghnaíonn an bord iomlán scrúdaitheoir seachtrach amháin le bheith i gceannas ar an bpróiseas. Ceaptar an dara scrúdaitheoir seachtrach nuair:

- Is comhalta lánaimseartha d'fhoireann na hOllscoile an t-iarrthóir i gceist.
- Is gá a leithéid a dhéanamh bunaithe ar nádúr na hoibre.

An Scrúdaitheoir Inmheánach/Na Scrúdaitheoirí Inmheánacha

Go hiondúil, ollamh nó léachtóir sinsearach é an scrúdaitheoir inmheánach, ach is féidir gur léachtóir a bheadh ann má tá ollamh ar choiste taighde iarchéime an mhic léinn do thréimhse thionscadal an mhic léinn. Lena chois sin, bíonn saineolas ag scrúdaitheoir inmheánach ar an disciplín i gceist agus is duine é/í a bhfuil dóthain

taithí agus oiliúna faighte aige/aici. Uaireanta b'fhéidir go dteastódh ó choláistí oiliúint oiriúnach a bheith ar scrúdaitheoirí inmheánacha, scrúdaitheoirí atá i mbun na hoibre seo den chéad uair go háirithe.

Níor cheart go mbainfeadh príomhról na scrúdaitheoirí seachtracha an bonn de ról na scrúdaitheoirí inmheánacha – scrúdaitheoirí a bhfuil ar a gcumas ardchaighdeáin inmheánacha a chothabháil i gcónaí. Ceaptar an dara scrúdaitheoir seachtrach nuair:

- A bhaineann gné ildisciplíneach le tionscadal an mhic léinn.
- Atá an príomhscrúdaitheoir feiliúnach, ach go dteastaíonn taithí uaidh/uaithi mar scrúdaitheoir.

Ról an Stiúrthóra/na Stiúrthóirí

I ról stiúrthóra, mar an duine inmheánach leis an méid is mó saineolais agus eolais ar an réimse ábhartha taighde, tá ról tábhachtach aige/aici i rith an scrúdaithe, cé nach bhfeidhmíonn sé/sí mar scrúdaitheoir. Is iondúil go mbíonn an stiúrthóir i láthair ag an scrúdú béil ach ní bhíonn baint aige/aici leis an bpróiseas ach amháin ar iarraidh ón scrúdaitheoir seachtrach nó le cead uaidh/uaithi. Téitear i gcomhairle leis an iarrthóir maidir le láithreacht an stiúrthóra agus féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh an scrúdú a dhéanamh in éagmais an stiúrthóra.

10.4 An Scrúdú Béil

Cleachtaí diana agus éilitheacha iad scrúduithe PhD agus, go deimhin, baineann strus áirithe leo freisin, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go n-eagraítear próiseas iomlán an scrúdaithe béil mar is ceart. Sainítear an méid seo a leanas i rialacháin Ollscoile:

- Tréithe na tuairisce a theastaíonn i gcás aontoilíocht scrúdaitheoirí ar thoradh an scrúdaithe.
- An nós imeachta is féidir a chur i bhfeidhm má easaontaíonn an scrúdaitheoir le toradh an scrúdaithe.
- Nós imeachta achomhairc ar féidir le mac léinn nó stiúrthóir a úsáid sa chás go mbíonn easaontas ann i ndáil le toradh an scrúdaithe.

Sainítear go leor de shonraí na nósanna imeachta i dtreoirlínte an choláiste nó an aonaid. Is iondúil, áfach:

- Go n-ullmhaíonn gach scrúdaitheoir tuairisc ghairid scríofa roimh an scrúdú béil.
- Go ndéantar cur síos ar fhormáid agus amchlár caighdeánach.
- Go léirítear an teorainn ama a bhíonn i gceist leis an scrúdú de ghnáth.
- Go dtugtar aiseolas don iarrthóir a luaithe agus is féidir i ndiaidh an scrúdaithe.

10.5 Athbhreithniú

Is féidir go n-iarrfadh scrúdaitheoirí go ndéanfaí athbhreithniú roimh phas a bhronnadh ar iarrthóir. Sa chás go mbronntar PhD ar choinníoll go gcuirtear ceartúcháin i bhfeidhm ar an tráchtas, is é/í an stiúrthóir atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar na ceartúcháin seo a chur i bhfeidhm, agus is é/í an scrúdaitheoir inmheánach (i gcomhar leis an scrúdaitheoir seachtrach) atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann na hathruithe a dhéantar riachtanais na scrúdaitheoirí.

11 Achoimre ar Threoirlínte Ollscoile

Braitheann éifeachtacht agus cur i bhfeidhm na dTreoirlínte seo i gcomhar le treoirlínte coláiste agus aonaid, ar athbhreithniú rialta a bheith déanta orthu. Is iad na hoifigigh luaite i gCuid 2 agus i gCuid 3 atá freagrach as gach gné oiriúnach den phróiseas. Áirítear san athbhreithniú:

- Na torthaí a bhaineann le monatóireacht ar an obair agus taithí na ndaoine siúd atá freagrach as céimeanna taighde a riaradh ag leibhéal na hOllscoile.
- Aiseolas ó mhic léinn, céimithe, stiúrthóirí, scrúdaitheoirí agus comhaltaí de chomhlachtaí cuí ar leibhéal coláiste agus scoile.
- Cleachtas atá ag teacht chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Is é an Déan Staidéar Céime, i gcomhar leis an Rúnaí um Ghnóthaí Acadúla, atá freagrach as an bpróiseas athbhreithnithe agus an dearbhú (de réir mar a dhéantar forbairt agus athbhreithniú orthu) go bhfuil beartais agus cleachtais áitiúla agus Ollscoile comhoiriúnach.

Aguisín 1: NA RIALACHÁIN A BHAINEANN LE hARDCHÉIMEANNA TAIGHDE

Tá na foirmeacha dá dtagraítear dóibh sna rialacháin seo le fáil ar líne ó Oifig na Scrúduithe (cliceáil ar 'Thesis Submission' ag http://www.nuigalway.ie/exams/) agus in Aguisín 2. Tá amclár don phróiseas scrúdaithe PhD le fáil in Aguisín 2 freisin.

TABHAIR FAOI DEARA:

Is iad na Rialacháin seo na rialacháin oifigiúla atá leagtha amach do 2007–08. Cuireann siad athruithe i bhfeidhm ar chuid de na rialacháin atá le fáil i Réamheolaire 2007–08 de bhrí gur glacadh le hathruithe eile ó foilsíodh an Réamheolaire. In a lán cásanna, ciallaíonn na Rialacháin seo go mbíonn freagrachtaí ar Chinn Scoile agus Déin Choláistí/Dáimhe i ndáil le cinntí foirmiúla a bhaineann le mic léinn, tionscadail agus gnéithe eile a cheadú. I ndáiríre, beidh formhór na gcinntí déanta bunaithe ar mholtaí ón gcoiste taighde iarchéime ábhartha (féach ar Chuid 4.1 de na Treoirlínte thuas).

RIALACHÁIN DON CHÉIM PhD

CÉIM PhD

Féadfaidh an Ollscoil céim *Philosophiae Doctor* (PhD) a bhronnadh ar chéimithe na hOllscoile nó céimithe ollscoil ar bith eile, nó mic léinn a bhfuil seasamh faoi leith acu, laistigh nó lasmuigh d'Éirinn, a bhfuil na nithe seo a leanas comhlíonta acu:

- Taighde déanta san Ollscoil i rith naoi dtéarma agus freastal déanta ar chúrsa staidéir a d'fhéadfaí a ordú sna Rialacháin, ar choinníoll go nglacfaidh an Buanchoiste le tréimhse de shé théarma in ionad tréimhse naoi dtéarma i gcás céimí ar bith a léiríonn na héachtaí atá bainte amach aige/aici gur leor cúrsa níos giorra; agus
- Gur comhlíonadh cibé Rialacháin agus Scrúduithe, más ann dóibh, a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Riachtanais Iontrála agus Nósanna Imeachta i leith Iarratais

1. Le bheith incháilithe le dul i mbun cúrsa staidéir agus taighde do Chéim PhD, caithfidh iarrthóir caighdeán ard onóracha a bheith bainte amach aige/aici sa scrúdú bunchéime, nó fianaise eile dá leithéid a bheith curtha i láthair a léiríonn go sásúil don Cheann Roinne agus don Choláiste/Dámh go bhfuil sé/sí oiriúnach.
2. Déanfaidh an Coláiste cuí, ar mholadh ó Cheann na Roinne ina ndéanfar an cúrsa, iarratas a mheas ó chéimí de chuid na hOllscoile seo nó ó Ollscoil eile, nó ó mhac léinn sárchumasach, a bhfuil faoi/fúithi tabhairt faoi chúrsa staidéir agus taighde le Céim PhD a bhaint amach.
3. Má ghlacann an Coláiste/an Dámh le hiarratas an iarrthóra, cuirfear faoi bhráid na Comhairle Acadúla é lena fhaomhadh. Ní mór teideal an tráchtais nó cur síos gairid ar chineál na hoibre a sholáthar don Chomhairle Acadúil nuair a bheifear ag

moladh go nglacfar leis an mac léinn mar iarrthóir ar Chéim PhD. Má ghlacann an Chomhairle Acadúil le hiarratas an mhic léinn, caithfidh sé/sí clárú mar iarrthóir PhD ar feadh na dtéarmaí, ar a laghad, a luaitear atá riachtanach.

4. Tá sé de chumhacht ag an gComhairle Acadúil diúltú d'iarrthóir ar glacadh leis/léi ar mholadh ón gcoláiste atá i gceist.

Treoir agus Stiúradh

5. Ceapfaidh an Chomhairle Acadúil, i ndiaidh ainmniúcháin ó Cheann Scoile (agus cead ó choiste taighde iarchéime an iarrthóra) comhalta foirne le bheith mar phríomhstiúrthóir ar thaighde an iarrthóra. Ba cheart ainm an stiúrthóra/ainmneacha na stiúrthóirí a lua nuair a bheidh an Coláiste/an Dámh ag cur ainm an iarrthóra faoi bhráid na Comhairle Acadúla.

6. Mura dtugann an Chomhairle Acadúil cead don iarrthóir, ar mholadh ón gColáiste/ón Dámh, oibriú in áit éigin eile faoi threoir ghinearálta an Stiúrthóra, déanfar an taighde don chéim sa Scoil is mó a bhfuil freagracht aici i leith an ábhair atá i gceist. Ach más taighde ildisciplíneach atá i gceist, beidh an comhoibriú cuí ann idir an Phríomhscoil agus an scoil/na scoileanna eile atá i gceist. Is féidir leis an gComhairle Acadúil a shocrú go mbeadh an tráchtas á chomhstiúradh. I gcás socrú comhstiúrtha, ní gá do dhuine de na stiúrthóirí a bheith ina c(h)omhalta d'fhoireann na hOllscoile.

7. Tabharfaidh an t-iarrthóir faoi thaighde do thréimhse naoi dtéarma agus leanfar le haon chlár staidéir a shannfaidh an Chomhairle Acadúil seachas sa chás go molfadh an Chomhairle Acadúil, ar mholadh an Choláiste/na Dáimhe, go bhféadfadh an Chomhairle Acadúil glacadh le tréimhse de shé théarma i gcás iarrthóra a mbeadh údar leis sin a dhéanamh de bharr a bhfuil bainte amach aige/aici.

8. Caithfear taighde an iarrthóra a dhéanamh, agus tráchtas na céime a réiteach, faoi threoir an stiúrthóra/na stiúrthóirí. Ba cheart don stiúrthóir/na stiúrthóir measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an iarrthóir; má bhíonn sé/sí den tuairim nach dócha go mbainfidh an t-iarrthóir an chéim dá bhfuil sé/sí cláraithe di amach, cuirfidh an stiúrthóir é sin in iúl do Choiste Taighde Iarchéime an iarrthóra, a dhéanfaidh teagmháil leis an iarrthóir láithreach bonn.

9. Tugtar sé bliana d'iarrthóirí leis an gcéim a chríochnú ón dáta a nglactar leo. Mura mbíonn an chéim críochnaithe ag iarrthóirí taobh istigh de shé bliana ón dáta ar glacadh leo bíonn orthu athiarratas a sheoladh chuig an gColáiste, agus cúis a lua go dtabharfaí síneadh ama dóibh.

Scrúdú

Ginearálta

10. Ní féidir iarrthóir PhD a scrúdú go dtí go ndeir an Stiúrthóir gur féidir an dréacht deiridh den tráchtas a scrúdú (Foirm EOG 03-05), go bhfuil a fhios ag Coiste Taighde Iarchéime an Iarrthóra go bhfuil cead tugtha, *agus* go dtí go mbíonn an fhoirm chomhlánaithe faighte ar ais ag Oifig na Scrúduithe. Má mheasann iarrthóir gur go míréasúnta a séanadh an faomhadh sin air/uirthi, is féidir leis/léi achomharc a dhéanamh chuig Déan an Choláiste/na Dáimhe.

11. Is é an Stiúrthóir atá freagrach as an bpróiseas scrúdaithe a eagrú agus a chinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach ag an iarrthóir agus ag na scrúdaitheoirí ionas go

dtuigeann siad na rólanna atá acu agus na nósanna imeachta atá i gceist. Ina theannta sin, oibríonn an Stiúrthóir leis an iarrthóir agus na scrúdaitheoirí chun an scrúdú a dhéanamh ag am a fheileann don iarrthóir agus do na scrúdaitheoirí agus a chinntíonn gur féidir an próiseas scrúdaithe a thabhairt chun críche go tráthúil. Chuige sin, gheobhaidh an Stiúrthóir amach cé chomh minic is a bheidh an Scrúdaitheoir Seachtrach ar fáil i rith spriocthréimhse an scrúdaithe.

- Sa chás go mbíonn níos mó ná stiúrthóir amháin i gceist, is é an Príomhstiúrthóir atá freagrach.
- Ar mholadh ó Choiste Taighde Iarchéime an iarrthóra, féadfaidh an Coláiste i gceist duine oiriúnach eile a ainmniú leis an bhfreagracht seo a ghlacadh.

12. Tá Oifig na Scrúdaithe freagrach as an tráchtas atá leagtha isteach agus tuairisc na scrúdaitheoirí a phróiseáil. Braitheann an méid ama a thógann sé ar Oifig na Scrúduithe an méid seo a chur i gcrích ar éifeachtacht an Stiúrthóra, na scrúdaitheoirí agus an iarrthóra i rith na gcéimeanna éagsúla den phróiseas scrúdaithe.

Na Scrúdaitheoirí

13. Is iondúil go mbíonn beirt scrúdaitheoirí páirteach i dtráchtas PhD a scrúdú, scrúdaitheoir seachtrach agus scrúdaitheoir inmheánach. Glacann na scrúdaitheoirí ar fad páirt iomlán sa dá chéim den phróiseas: (i) scrúdú an tráchtais agus (ii) an scrúdú béil nó *viva voce* an iarrthóra. Is é an Ollscoil a fhaomhann na scrúdaitheoirí, le húdarás na Comhairle Acadúla, i ndiaidh Fhoirm um Fhaomhadh na Scrúdaitheoirí (EOG 03-04) a chomhlánú agus a leagan isteach.

14. Cuirtear in iúl don iarrthóir nuair a bhíonn na scrúdaitheoirí poitéinsiúla agus comhaltaí an bhoird scrúdaithe á meas. Ag an gcéim sin, ach bunús a bheith leis, féadfaidh iarrthóir diúltú do cheapachán scrúdaitheora ar leith.

15. Roghnaítear an Scrúdaitheoir Seachtrach bunaithe ar shaineolas sa réimse staidéir a bhaineann leis an tráchtas. Ceaptar an dara scrúdaitheoir seachtrach nuair:
    - Is comhalta lánaimseartha d'fhoireann na hOllscoile an t-iarrthóir i gceist,
    - Is gá a leithéid a dhéanamh bunaithe ar nádúr na hoibre atá á scrúdú.

16. Is iondúil gur Ollamh nó Léachtóir Sinsearach é an Scrúdaitheoir Inmheánach – duine le saineolas ar an disciplín i gceist agus dóthain taithí agus oiliúna ábhartha. Ceaptar an dara scrúdaitheoir seachtrach nuair:
    - Is obair ildisciplíneach atá á scrúdú.
    - Atá an príomhscrúdaitheoir feiliúnach, ach go dteastaíonn taithí uaidh/uaithi mar scrúdaitheoir.

17. Iarrtar ar gach scrúdaitheoir coinbhleacht leasa ar bith a d'fhéadfadh a bheith aige/aici i ndáil leis an scrúdú a chur in iúl.

Iontráil chuig an Scrúdú agus an Tráchtas a Leagan Isteach

18. Má theastaíonn ón iarrthóir freastal ar shearmanas bronnta ar leith, ba cheart tús a chur leis an bpróiseas scrúdaithe ceithre mhí, ar a laghad, roimh an searmanas. Ní hamháin go mbraitheann sé seo ar thoradh dearfach an scrúdaithe, ní mór do na scrúdaitheoirí coinníollacha suntasacha ama a chur i bhfeidhm ach oiread.

19. D'fhonn tús a chur leis an bpróiseas scrúdaithe, ní mór trí chóip den tráchtas PhD, a bhfuil ceangal bíseach orthu, a fhágáil isteach in Oifig na Scrúduithe. Ní mór

d'iarrthóirí na treoracha seo thíos maidir le formáid, leagan amach agus cur i láthair a leanúint.

- Ba cheart achoimre d'ábhar an tráchtais, nach mó ná 300 focal, a bheith le gach cóip den tráchtas.
- Ag an am céanna, ní mór d'iarrthóirí Foirm chomhlánaithe EOG 03-05 agus é sínithe ag an iarrthóir agus ag an Stiúrthóir/na Stiúrthóirí a chur ar fáil, agus an méid sin a chur in iúl do Choiste Taighde Iarchéime an Iarrthóra (tá tuilleadh eolais le fáil in alt 10).

An Scrúdú

20. Eagraítear an Scrúdú Béil ag am a fheileann don iarrthóir agus do na scrúdaitheoirí. Bíonn tuiscint mhaith ag an iarrthóir ar an bhformáid, amchlár agus fad a leithéid de scrúduithe sa disciplín cuí roimh réidh.

21. Is iondúil go mbíonn an Stiúrthóir i láthair ag an scrúdú béil, ach ní bhíonn baint aige/aici leis an bpróiseas ach amháin ar iarraidh ón Scrúdaitheoir Seachtrach nó le cead uaidh/uaithi. Téitear i gcomhairle leis an iarrthóir maidir le láithreacht an Stiúrthóra agus féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh an scrúdú a dhéanamh in éagmais an Stiúrthóra.

22. De bhrí gur saineolaí sa réimse spéise é an Scrúdaitheoir Seachtrach, is iondúil gurb é/í a bhíonn i gceannas ar an scrúdú béil. Sa chás go mbíonn níos mó ná scrúdaitheoir seachtrach amháin ann, roghnaíonn an bord iomlán scrúdaitheoir seachtrach amháin le bheith i gceannas ar an bpróiseas.

23. Is é an ról atá ag an Scrúdaitheoir Inmheánach ardchaighdeáin inmheánacha a chothabháil.

24. Ní mheasfar tuairiscí scrúdaitheoirí mura bhfaighfear iad **deich lá, ar a laghad,** roimh chruinniú chun glacadh leis na moltaí atá á gcur chun cinn acu. Reáchtáiltear cruinnithe de Bhuanchoiste na Comhairle Acadúla thart ar mhí roimh shearmanais bhronnta na gcéimeanna.

25. Cé gur féidir sonraí áirithe maidir leis na nósanna imeachta scrúdaithe a shainiú sna treoirlínte, is iondúil:

    - Go n-ullmhaíonn gach scrúdaitheoir tuairisc ghairid scríofa roimh an scrúdú béil.
    - Go mínítear an nós imeachta a bhaineann leis an scrúdú béil don iarrthóir ag tús an phróisis.
    - Go dtugtar aiseolas don iarrthóir a luaithe agus is féidir i ndiaidh an scrúdaithe.

26. Nuair a thagann scrúdaitheoirí le chéile roimh an Scrúdú Béil, ba cheart dóibh labhairt ar na himpleachtaí a bhaineann lena tuairiscí atá scríofa acu agus ba cheart dóibh aontú ar na rólanna a bheidh acu sa scrúdú. Mura bhfuil sé beartaithe leanúint leis an ngnáthnós scrúdaithe don disciplín i gceist, ní mór an méid sin a chur in iúl go soiléir agus toiliú an iarrthóra a fháil.

27. I gcás go bhfuil na Scrúdaitheoirí ar aon intinn, cuirfidh siad comhthuairisc (Foirm EOG 03-02 d'iarrthóir ar Chéim Mháistreachta nó Foirm EOG 03-01 d'iarrthóir ar Chéim PhD) chuig Cruinniú den Bhuanchoiste maidir leis an gCéim a bhronnadh nó gan í a bhronnadh.

28. I gcás nach bhfuil na Scrúdaitheoirí ar aon intinn, déanfar tuairiscí ar leith, agus cuirfear na tuairiscí ar fad ar fáil le chéile ionas gur féidir iad a mheas ag cruinniú den Bhuanchoiste. De réir ghnáthrialacháin na hOllscoile, ní athrófar cinneadh scrúdaitheoir seachtrach maidir leis an toradh atá le bronnadh ar iarrthóir ach amháin má chinneann nach lú ná dhá thrian de chomhaltaí reatha an Bhuanchoiste i gceist an cinneadh a athrú.
29. Cuirfear tuairisc(í) na Scrúdaitheoirí ar fáil d'Oifig na Scrúduithe laistigh de choicís ón scrúdú béil, ionas gur féidir leis an mBuanchoiste an tuairisc/na tuairiscí a mheas ag an gcéad chruinniú eile.
30. Sa chás go molann na Scrúdaitheoirí go mbraitheann céim PhD a bhronnadh ar cheartúcháin a chur i bhfeidhm ar an tráchtas:
    a. Is é/í an Stiúrthóir atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar na ceartúcháin seo a chur i bhfeidhm, agus is é/í an Scrúdaitheoir Inmheánach (i gcomhairle leis an Scrúdaitheoir Seachtrach más cuí) atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann na hathruithe a dhéantar riachtanais na scrúdaitheoirí.
    b. Ní cheadófar don iarrthóir céim a fháil go dtí go mbeidh an tráchtas athbhreithnithe, ina mbeidh na hathruithe a moladh déanta dearbhaithe ag an Scrúdaitheoir Inmheánach/na Scrúdaitheoirí Inmheánacha, leagtha isteach chuig Oifig na Scrúduithe.
31. Sa chás go moltar PhD a bhronnadh (agus más cuí) nuair atá dearbhú, i scríbhinn, tugtha ag an Scrúdaitheoir Inmheánach gur comhlíonadh riachtanais na scrúdaitheoirí, ní mór don iarrthóir cóip den tráchtas, **le ceangal crua air**, a fhágáil isteach in Oifig na Scrúduithe.
32. Leagfar cóip den tráchtas i Leabharlann na hOllscoile. Iarrfar ar iarrthóirí Foirm um Thráchtas a Leagan Isteach sa Leabharlann (Foirm EOG 03-03) a chomhlánú nuair a bheidh an Tráchtas PhD á leagan isteach acu. Leanfaidh na tráchtais uile de bheith ina maoin de chuid na hOllscoile.

Treoracha maidir le Formáid, Leagan Amach agus Cur i Láthair

Ní mór leathanach teidil a bheith ann, ar a mbeidh an t-eolas seo a leanas:

Teideal iomlán an tráchtais agus an fotheideal, más ann dó

Uimhir an imleabhair agus an líon iomlán imleabhar, má tá níos mó ná imleabhar amháin i gceist

Ainm iomlán an údair agus, ina dhiaidh sin, más mian leis/léi, cáilíochtaí an údair

Ainm/ainmneacha an stiúrthóra/na stiúrthóirí, na scoile/na scoileanna/na roinne/na rann, na hinstitiúide

An mhí agus an bhliain ar leagadh isteach an tráchtas

Clár na nÁbhar

Ba cheart go mbeadh 'Clár na nÁbhar' le fáil díreach i ndiaidh an leathanach teidil – clár réasúnta gonta.

Formáid agus Leagan Amach

Ní mór go mbeadh an téacs priontáilte ar pháipéar maith A4 (110 g/m^2), agus imeall 4cm a bheith ar fáil ar thaobh clé an leathanaigh.
Ní mór spásáil líne go leith a úsáid, go mbeadh an taobh clé comhfhadaithe, go mbeadh an leagan amach soléite agus moltar priontáil dhéthaobhach i gcorp an téacs. Is iondúil go bhfeileann leagan amach difriúil le méid cló níos lú do chodanna ar leith den tráchtas, liostaí tagairtí, leabharliostaí agus cineálacha áirithe aguisíní mar shampla. Ní mór go mbeadh uimhreacha na leathanach ag teacht i ndiaidh a chéile, agus uimhir na leathanach a bheith i lár na leathanach ag an mbun. Ba cheart ceanntásc gach caibidle a bheith ag barr gach leathanaigh. Caithfidh léaráidí, graif, grianghraif agus táblaí a bheith suite san áit cheart sa téacs.

An Ceangal

Caithfear na cóipeanna den tráchtas atá le scrúdú a chur ar fáil le ceangal bíseach nó le ceangal guma orthu. Ní mór an chóip den tráchtas deiridh ceangailte a chuirtear ar fáil do Leabharlann na hOllscoile a bheith idir dhá chlár agus ceangal buan orthu. Ba cheart go mbeadh an t-eolas seo a leanas le fáil ar chlúdach an tráchtais – Teideal an Tráchtais, ainm an údair, an chéim bronnta agus an dáta ar leagadh isteach é. Ba cheart go mbeadh an t-eolas seo a leanas le fáil ar dhroim an tráchtais – ainm an údair, an chéim bronnta agus an dáta ar leagadh isteach é.

NA RIALACHÁIN A BHAINEANN LE HARDCHÉIMEANNA TAIGHDE EILE

CÉIMEANNA MÁISTREACHTA (TAIGHDE)

Tá eolas maidir le cúrsaí na gColáistí éagsúla/na nDámh éagsúil le fáil sna Réamheolairí agus in Aguisín 3.

Aguisín 2: AMCHLÁR AGUS FOIRMEACHA ÁBHARTHA OIFIGIÚLA

Tá na foirmeacha thíos le fáil ar líne ó Oifig na Scrúduithe (cliceáil ar 'Thesis Submission' ag http://www.nuigalway.ie/exams/).

Leathanach

Amchlár Scrúduithe

Amchlár don Phróiseas Scrúdaithe PhD 30

Foirmeacha

1. Foirm um Fhaomhadh na Scrúdaitheoirí (EOG 03-04) 31
2. Foirm um Fhaomhadh Scrúdaithe (EOG 03-05) 33
3. Foirm um Thuairisc na Scrúdaitheoirí PhD (EOG 03-01) 34
4. Foirm um Thuairisc na Céime Máistreachta do Scrúdaitheoirí Taighde (EOG 03-02) 36
5. Foirm um Thráchtas a Leagan Isteach sa Leabharlann (EOG 03-03) 37

Amchlár don Phróiseas Scrúdaithe PhD			
Am	**Céim an Phróisis, tagairtí**[1]	**Freagrach**	**Foirm, cáipéis**
Roimh an tráchtas a chur isteach	Ceapadh scrúdaitheoirí G9.3/10.3, R13-17	Stiúrthóir (Coláiste/Dámh, An Chomhairle Acadúil)	Foirm chomhlánaithe EOG 03-04
Am (ceithre mhí, ar a laghad, roimh dháta bhronnadh na gcéimeanna)	Tráchtas a Leagan Isteach R18-19	Iarrthóir, Stiúrthóir, Coiste Taighde Iarchéime an Aonaid	Cóipeanna boga den tráchtas, Foirm chomhlánaithe EOG 03-05
Nó níos mó ná dhá mhí	Scrúdú G9.4–9.5, R20–31	Iarrthóir, Scrúdaitheoirí, Stiúrthóir	Foirm chomhlánaithe EOG 03-01[2], NÓ tuairiscí aonair i gcás easaontais
	Cinneadh foirmiúil R27-29	Buanchoiste na Comhairle Acadúla (Bíonn cruinniú ann, ar a laghad, cúig huaire in aghaidh na bliana)	Foirm chomhlánaithe EOG 03-01[2], NÓ tuairiscí aonair i gcás easaontais
(Athraitheach)	Athbhreithniú[2] G9.6/10.5, R30-31	Iarrthóir, Stiúrthóir, Scrúdaitheoir inmheánach	Tráchtas (athbhreithnithe) le ceangal crua air
	R32	Iarrthóir	Foirm chomhlánaithe um Thráchtas a Leagan Isteach sa Leabharlann (EOG 03-03)
Thart ar cheithre mhí	Bronnadh na gCéimeanna	Iarrthóir	Pár céime an chéimí

[1]Tagraíonn uimhreacha a bhfuil 'G' rompu do chodanna i dTreoirlínte agus a bhfuil 'R' rompu do Rialacháin (Aguisín 1).

[2]Braithfidh na tréimhsí i gceist ar an méid ama a theastaíonn chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tráchtas.

EOG 03-04

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY
CÉIM PhD

FAOMHADH SCRÚDAITHEOIRÍ

(de réir na Rialachán don Chéim Dhochtúireachta)

Sloinne: _____ Céadainm(neacha): _____

Uimhir an Mhic Léinn: Dámh/Coláiste: _____

Céimeanna Eile:
_____
_____
_____

Teideal an Tráchtais:
_____
_____
_____
_____

Taifead PhD OÉ Gaillimh

Bliain Acadúil	Cén bhliain den PhD atá i gceist – An chéad, an dara, an tríú bliain?	An bhfuil tú i mbun an PhD go Lánaimseartha/Páirtaimseartha?

Mar eolas duit: Tá sé bliana ag iarrthóir leis an gCéim a chríochnú; is é sin sé bliana ó dháta tosaithe na Céime. Ní mór d'iarrthóir ar bith ar mian leis/léi tráchtas a leagan isteach i ndiaidh tréimhse sé bliana cead a fháil ón gColáiste/Dámh chuí.

Tá an chuid seo a leanas le comhlánú ag mic léinn ar mian leo tráchtas a leagan isteach laistigh den tréimhse sé bliana ón dáta tosaithe.

SONRAÍ AN SCRÚDAITHEORA (Le comhlánú más Scrúdaitheoir Seachtrach Speisialta atá i gceist)

Ainm an Scrúdaitheora Sheachtraigh:
_____

Seoladh:
_____
_____
_____
_____

Teileafón: _____ Facs: _____ Ríomhphost: _____

An bhfuil an Scrúdaitheoir Seachtrach ag obair in Institiúid Tríú Leibhéal nó an bhfuil baint ag an Scrúdaitheoir Seachtrach le hInstitiúid Tríú Leibhéal? (*cuir tic sa bhosca cuí*)

☐ Tá ☐ Níl

Más rud é nach bhfuil, déan cur síos ar fheiliúnacht an Scrúdaitheora Sheachtraigh atá molta, mar shampla an t-eolas atá aige/aici ar na caighdeáin scrúdúcháin don chéim PhD agus an taithí chuí atá aige/aici i ndáil leis an ról seo:

_____
_____
_____
_____

Mar eolas duit: Sa chás gur comhalta lánaimseartha/páirtaimseartha d'Fhoireann na hOllscoile atá i mbun an Tráchtais, cuirfear an Dara Scrúdaitheoir Seachtrach in áit duine de na Scrúdaitheoirí Inmheánacha.

*Ainm an Dara Scrúdaitheoir Seachtrach:

_____

Seoladh:
_____
_____

Teileafón: _____ Facs: _____ Ríomhphost: _____

Ainm an Scrúdaitheora Inmheánaigh:
_____

Seoladh:
_____
_____

Ainm(neacha) an Stiúrthóra/na Stiúrthóirí:
_____

Seoladh/Seoltaí an Stiúrthóra/na Stiúrthóirí:
_____
_____
_____

Sínithe: _____ Dáta:_____

An Ceann Roinne

Seol an fhoirm seo ar ais chuig Oifig an Choláiste/na Dáimhe.

EOG 03-05

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY
AN CHÉIM PhD

CEAD TRÁCHTAS A SCRÚDÚ

Do: An Meabhránaí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Teideal an Tráchtais:

_____

_____

Ainm an Iarrthóra:

_____

Dearbhaímse, an tIarrthóir, gurb é mo chuid oibre féin atá sa Tráchtas agus nach bhfuil Céim faighte agam san Ollscoil seo nó in Ollscoil ar bith eile bunaithe ar an obair seo.

Sínithe: ---------- Dáta: ----------

Dearbhaímse, An Príomh-Stiúrthóir, leis seo gur féidir an dréacht deiridh den tráchtas PhD dar teideal - _____ - a scrúdú.

Sínithe: ---------- Dáta: ----------

Agus:

Sínithe: ---------- Dáta: ----------

An Ceann Scoile nó Ainmní

N.B. Ba cheart don iarrthóir an fhoirm seo a sheoladh ar aghaidh chuig Oifig na Scrúduithe, mar aon le trí chóip den tráchtas – cóipeanna a bhfuil ceangal guma nó ceangal bíseach orthu.

D'Oifig na dTáillí amháin:

Féadfaidh an mac léinn tráchtas a leagan isteach, níl ceist ar bith maidir le táillí: Fíor: [ ], Bréagach: [ ]

Tá táille €470 le híoc ag an mac léinn le OÉ Baile Átha Cliath: Fíor [ ], Bréagach: [ ]

Foirm EOG 03-01

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

Scrúdú Iarrthóra do Chéim PhD

TUAIRISC NA SCRÚDAITHEOIRÍ

Is ceart an fhoirm seo a léamh i gcomhthéacs na Rialachán gaolmhar

Ainm an iarrthóra agus uimhir an mhic léinn:
Teideal an Tráchtais:

Stiúrthóir(í):	Ainm iomlán mar aon le teideal	Roinn nó institiúid lena mbaineann
1.		
2.		

Scrúdaitheoirí	Ainm iomlán mar aon le teideal	'Ollscoil' agus roinn
Scrúdaitheoir Seachtrach 1		
Scrúdaitheoir Seachtrach 2 (más ann)		
Scrúdaitheoir Inmheánach 1		
Scrúdaitheoir Inmheánach 2 (más ann)		

Dáta an Scrúdú Béil:	

Tuairisc:

Ba cheart tuairisc clóscríofa thart ar 300 focal a áireamh agus ba cheart *do na scrúdaitheoirí ar fad é seo a shíniú.* Ba cheart go mbeadh tagairt sa Tuairisc do na nithe seo a leanas:

- An fiúntas a bhaineann leis an tráchtas i dtaobh eolais agus léinn.
- Cumas an iarrthóra smaointe nua agus criticiúla a fhorbairt, agus an t-eolas agus an tuiscint atá ar an réimse / na réimsí cuí staidéir.
- Saineolas an iarrthóra ar mhodheolaíochtaí agus teicnící ábhartha.
- An méid ábhair ar chaighdeán foilsithe atá le fáil sa tráchtas.
- Struchtúr, stíl scríofa agus cur i láthair an tráchtais.
- Na ceartúcháin atá le cur i bhfeidhm ar an tráchtas (más ann dá leithéid).

Mura gcuirtear in iúl sa Tuairisc gur cheart céim PhD a bhronnadh ar an iarrthóir, ní mór na nithe seo a leanas a chur in iúl:

1. Na réimsí laige agus/nó na réimsí míshásúla, agus
2. An méid a mholann na scrúdaitheoirí roimh thráchtas a leagan isteach in athuair (nó sular féidir tráchtas a mheas in athuair) a shoiléiriú (an gá atá le hobair bhreise, an méid atá le hathscríobh, eolas atá in easnamh a chur ar a súile d'iarrthóirí etc.)

Foilsiú na hOibre

An fiú torthaí an tráchtais a fhoilsiú mar ábhar dáiríre léinn?

☐ An tráchtas ar fad ☐ Cuid den tráchtas ☐ Ní fiú

MOLADH

☐ Céim a bhronnadh
☐ Céim a bhronnadh, ach gá le ceartúcháin: ☐ Substainteach ☐ Clóghrafach
☐ Diúltú céim a bhronnadh, ach cead tráchtas athbhreithnithe a leagan isteach
☐ Diúltú céim a bhronnadh (ní mholtar an tráchtas a leagan isteach in athuair)

Achoimre ar an Tráchtas

Is ceart achoimre a áireamh freisin. Níl ag teastáil ach achoimre ghairid agus ghinearálta (50 focal ar a mhéad). Níl ag teastáil ach achoimre shimplí. Is é an achoimre seo a bheidh mar bhonn leis an léargas gairid ar a bhfuil bainte amach ag an iarrthóir a bheidh le léamh ag an Déan nuair a chuirfear an céimí in aithne don slua ag an Searmanas Bronnta.

	Síniú	D'Ainm i gCeannlitreacha	Dáta
Scrúdaitheoir Seachtrach			
Scrúdaitheoir Inmheánach			

EOG 03-02

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY

Céim Mháistreachta (Taighde)

TUAIRISC NA SCRÚDAITHEOIRÍ

Iarrthóir: (Ceannlitreacha)

_____

Teideal an Tráchtais: (Ceannlitreacha)

_____

_____

_____

An bhfuil an Scrúdú Béil déanta: Tá ☐ Níl ☐

(Tabhair faoi deara: Ba cheart do na Scrúdaitheoirí Seachtracha agus Inmheánacha cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngá atá le Scrúdú Béil).

Tuairisc: Ba cheart don Scrúdaitheoir Seachtrach, i gcomhar leis an Scrúdaitheoir Inmheánach/na Scrúdaitheoirí Inmheánacha, tuairisc ghairid a ullmhú agus é a chur sa spás anseo thíos agus féadfar leathanach breise a úsáid más gá. Ba chóir tagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas seo tuairisc:

- Caighdeán an taighde sa tráchtas.
- An fiúntas a bhaineann leis an tráchtas i dtaobh eolais agus léinn.
- Stíl scríofa agus cur i láthair an tráchtais.
- Conas a d'éirigh leis an iarrthóir sa scrúdú béil (más ann dá leithéid).
- Na mioncheartúcháin atá le déanamh (más ann dá leithéid).

(Úsáid leathanaigh bhreise más gá.)

MOLADH

☐ Céim a bhronnadh Marc, más cuí
☐ Céim a bhronnadh, ach gá le ceartú ☐ máin* ☐ Substainteach
Clóghrafach
☐ Diúltú céim a bhronnadh, ach cead tráchtas athbhreithnithe a leagan isteach
☐ Diúltú céim a bhronnadh (ní mholtar an tráchtas a leagan isteach in athuair)

Mura gcuirtear in iúl sa tuairisc gur cheart Céim Mháistreachta (Taighde) a bhronnadh ar an iarrthóir, ní mór na nithe seo a leanas a chur in iúl:

1. Na réimsí laige agus/nó na réimsí míshásúla, agus
2. Ní mór an méid a mholann na scrúdaitheoirí roimh thráchtas a leagan isteach in athuair (nó sular féidir tráchtas a mheas in athuair) a shoiléiriú (an gá atá le hobair bhreise, an méid atá le hathscríobh, eolas atá in easnamh a chur ar a súile d'iarrthóirí etc.)

Dáta:_____ Ainm: _____ Sínithe: _____ (Scrúdaitheoir Inmheánach)

Dáta:_____ Ainm: _____ Sínithe: _____
(Scrúdaitheoir Seachtrach)

*Ní mór don Scrúdaitheoir Inmheánach/na Scrúdaitheoirí Inmheánacha na ceartúcháin atá le déanamh a áireamh.

EOG 03-03

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Foirm um Thráchtas a Leagan Isteach sa Leabharlann

Ainm iomlán an iarrthóra: _____

Uimhir aitheantais an mhic léinn: _____

Teideal iomlán an tráchtais:_____

_____

_____

Teideal na Céime: _____

Mórthráchtas nó Miontráchtas:_____

Coláiste/Dámh: _____

Ollscoil: _____

An Seisiún Scrúdaithe: Earrach/Samhradh/Fómhar/Geimhreadh

Ba chóir achoimre nó sliocht, nach faide ná 300 focal (a bheith leis an bhfoirm seo)

Dearbhú atá le síniú ag an iarrthóir:

Is mian liom an achoimre seo a áireamh i liosta tráchtas ar bith a fhoilsíonn an Ollscoil nó in aon fhoilseachán a chinneann an Ollscoil liosta tráchtas OÉ d'Ardchéimeanna a áireamh ann.

Sínithe:_____ Dáta:_____

Don Leabharlannaí:

Tugaim cead mo thráchtas, dar teideal thuasluaite, a chur ar fáil:

a) Láithreach bonn (i ndiaidh Bhronnadh na gCéimeanna).
b) I ndiaidh tréimhse _____.
c) Ionas gur féidir le léitheoirí i Leabharlann na hOllscoile é a léamh.
d) Ionas gur féidir é a thabhairt ar iasacht shealadach do Leabharlann eile.
e) Ionas gur féidir cuid den tráchtas nó an tráchtas iomlán a fhótachóipeáil.

(Scrios amach nó comhlánaigh de réir mar is cuí)

Sínithe:_____ Dáta:_____

Aguisín 3: CÁIPÉIS LE hEOLAS GINEARÁLTA REATHA FAOI CHÉIMEANNA MÁISTREACHTA (TAIGHDE)

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh/National University of Ireland, Galway

Oifig na Scrúduithe

Bliain Acadúil 2007/2008

DO NA hIARRTHÓIRÍ UILE A BHFUIL SÉ AR INTINN ACU MIONTRÁCHTAS, TRÁCHTAS NÓ TIONSCADAL TAIGHDE A LEAGAN ISTEACH CHUN CRÍCHE ARDCHÉIM A FHÁIL

LEAGAN AMACH TRÁCHTAS MÁISTREACHTA

1. **Ní mór ná gurb é an t-ainm cláraithe a bheidh ar thráchtas**, i.e. an t-ainm atá ar chárta aitheantais an mhic léinn, is é sin an t-ainm céanna atá ar theastas breithe an mhic léinn. **Ní ghlacfaidh Oifig na Scrúduithe le tráchtais mura bhfuil an t-ainm atá cláraithe orthu** (i.e. ní ghlacfar le leaganacha giorraithe nó ainmneacha atá aistrithe go teangacha eile).

2. **Ní mór leathanach teidil leis an eolas seo a leanas air a sholáthar:**
   a) Teideal iomlán an tráchtais agus an fotheideal, más ann dó.
   b) An líon iomlán imleabhar, má tá níos mó ná ceann amháin ann, agus uimhir an imleabhair áirithe atá i gceist.
   c) Ainm iomlán an údair agus, ina dhiaidh sin, más mian leis/léi, cáilíochtaí agus gradaim.
   d) An cháilíocht atá le bronnadh don tráchtas atá á leagan isteach.
   e) Ainm na hinstitiúide atá luaite ar an tráchtas.
   f) An roinn, coláiste nó eagraíocht a rinneadh an taighde ann.
   g) An mhí agus an bhliain ar leagadh isteach an tráchtas.
   h) Ainm an Chinn Scoile/Roinne atá i gceist.
   i) Ainmneacha Stiúrthóirí an taighde.

3. Ba cheart go dtabharfadh an **teideal** léargas beacht agus achomair ar ábhar an tráchtais.

4. Is ceart go mbeadh **clár na n-ábhar** le fáil díreach i ndiaidh an leathanaigh teidil.

5. Ní mór go mbeadh an téacs priontáilte ar pháipéar maith A4 (110 g/m^2), agus imeall 4cm a bheith ar fáil ar thaobh clé an leathanaigh.

6. Ní mór spásáil líne go leith a úsáid, gan ach an taobh clé a bheith comhfhadaithe, go mbeadh an leagan amach soléite agus moltar priontáil dhéthaobhach i gcorp an

téacs. Is iondúil go bhfeileann leagan amach difriúil le méid cló níos lú do chodanna ar leith den tráchtas, liostaí tagairtí, leabharliostaí agus cineálacha áirithe aguisíní mar shampla. Ní mór go mbeadh uimhreacha na leathanach ag teacht i ndiaidh a chéile, agus uimhir na leathanach a bheith i lár na leathanach ag an mbun. Ba cheart ceanntásc gach caibidle a bheith ag barr gach leathanaigh. Caithfidh léaráidí, graif, grianghraif agus táblaí a bheith suite san áit cheart sa téacs.

6. **Ní mór an t-eolas seo a leanas a chur ar chlúdach tosaigh an tráchtais**
   Teideal an Tráchtais
   Ainm an Iarrthóra
   Teideal an Chúrsa e.g. (M.Eng.Sc., M.A., M.Sc. etc.)
   Bliain

7. **Ní mór an t-eolas seo a leanas a chur ar Dhroim an Tráchtais:**
   Ainm
   Bliain
   Teideal an Chúrsa e.g. (M.Eng.Sc., M.A., M.Sc. etc.)

8. Beidh **achoimre ghairid** leis an tráchtas de chlár na n-ábhar agus leabharliosta de na saothair a ndeachthas i gcomhairle leo fad a bhí an tráchtas á scríobh.

9. **Leanfaidh na Tráchtais uile de bheith ina maoin de chuid na hOllscoile.**

10. Ní ghlacfar le hobair ar ar bronnadh Céim cheana in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, nó in áit ar bith eile, mar phríomhshaothar Céim ar bith ina dhiaidh sin. Féadfar glacadh leis mar obair bhreise, áfach.

11. Tabharfar foirm leis an méid seo a leanas scríofa uirthi d'iarrthóirí.
    "Glacaim leis seo gur cheart go mbeadh an chóip de mo thráchtas atá curtha ar fáil don Leabharlann ar fáil le féachaint air ar na coinníollacha atá leagtha síos ag Ceann na Scoile/na Roinne".
    Iarrfar ar iarrthóirí an fhoirm seo a chomhlánú nuair a bheidh a dtráchtas á leagan isteach acu chun críche Céim a fháil.

TRÁCHTAS MÁISTREACHTA A LEAGAN ISTEACH

1. Ní mór d'iarrthóirí atá ag déanamh Ardchéimeanna clárú leis an Oifig Iontrála ag tús na Bliana Acadúla.

2. **Ní ghlacfaidh Oifig na Scrúduithe le tráchtais murab é an t-ainm atá cláraithe atá orthu.** (i.e. ní ghlacfar le leaganacha giorraithe nó ainmneacha atá aistrithe go teangacha eile).

3. **I gcás Ardchéimeanna (ach amháin Céimeanna Leighis)** ní mór trí chóip den tráchtas a leagan isteach chuig Oifig na Scrúduithe roimh na dátaí atá luaite thíos. I measc na dtrí chóip atá ag teastáil tá dhá chóip le ceangal guma agus cóip amháin le clúdach crua don Leabharlann (Tugtar an tráchtas don Leabharlann i ndiaidh bhronnadh na gcéimeanna). Ceangal seasta a bheidh air ina mbeidh na leathanaigh ceangailte go buan. Tá Achoimre nó Coimriú nach faide ná 300 focal de dhíth freisin.

Mar eolas duit:

Cé nach dtabharfar an chóip chrua den tráchtas don Leabharlann go dtí go mbíonn an chéim bronnta, ní mór an chóip chrua a leagan isteach leis na cóipeanna a bhfuil ceangal guma orthu ag an dáta cuí.

4. **I gcás Céimeanna Leighis**, ní mór ceithre chóip den tráchtas a leagan isteach chuig Oifig na Scrúduithe roimh na dátaí atá luaite thíos. I measc na gceithre chóip atá ag teastáil tá dhá chóip le ceangal guma agus dhá chóip le clúdach crua orthu a bheidh ag teastáil sa Leabharlann. Ceangal seasta a bheidh air ina mbeidh na leathanaigh ceangailte go buan. Tá Achoimre nó Coimriú nach faide ná 300 focal de dhíth freisin.

Mar eolas duit:

Cé nach dtabharfar an chóip chrua den tráchtas don Leabharlann go dtí go mbíonn an chéim bronnta, ní mór an chóip chrua a leagan isteach leis na cóipeanna a bhfuil ceangal guma orthu ag an dáta cuí.

Spriocdháta Samhraidh:		***20 Márta 2008***
Seachas →	MD, MCh, MAO	1 Feabhra 2008

Spriocdháta Fómhair:	***18 Iúil 2008***

Spriocdháta Geimhridh:		***22 Lúnasa 2008***
Seachas →	MD, MCh, MAO.	27 Meitheamh 2008
	MMS	29 Lúnasa 2008

5. Nuair a leagtar tráchtas isteach chuig Oifig na Scrúduithe, tugtar cóip amháin don Scrúdaitheoir Seachtrach, tugtar cóip amháin don Scrúdaitheoir Inmheánach agus tugtar cóip amháin den tráchtas don Leabharlann nuair a bhíonn céim bronnta ar an mac léinn.

6. I gcás Shearmanas Bronnta Céimeanna an Gheimhridh, nuair nach bhfágtar isteach an tráchtas roimh an spriocdháta, an 22 Lúnasa 2008, féadfaidh an t-iarrthóir an tráchtas a leagan isteach aon am roimh an 30 Meán Fómhair 2008 agus ní bheidh Táillí ar bith le híoc. **Mura mbíonn tuairisc an scrúdaitheora le fáil in Oifig na Scrúduithe Dé Luain, an 13 Deireadh Fómhair 2008, ar a**

dhéanaí, ní bhronnfar céim ar an iarrthóir ag Searmanas Bronnta Céimeanna an Gheimhridh 2007/2008 (níl an dáta socraithe fós, ach is amhlaidh gurb é deireadh mhí na Samhna nó tús mhí na Nollag 2008 a bheidh i gceist). I gcás mar seo, bronnfar céim ar an iarrthóir ag an gcéad searmanas bronnta eile. Moltar do mhic léinn cloí leis na spriocdhátaí atá leagtha amach ag a scoileanna/ranna féin.

7. Nuair a bheidh scrúdú déanta ar an tráchtas, ba cheart do na Scrúdaitheoirí tuairisc ghairid a ullmhú agus rogha de na moltaí seo a leanas a bheith le fáil sa tuairisc sin:
   a) Céim a bhronnadh
   b) Céim a bhronnadh, ach gá le ceartúcháin: (Ceartúcháin 'Shuntasacha' agus/nó 'Clógrafacha')
   c) Diúltú céim a bhronnadh, ach cead tráchtas athbhreithnithe a leagan isteach
   d) Diúltú céim a bhronnadh (ní mholtar an tráchtas a leagan isteach in athuair)

8. I gcás iarrthóirí ar mhol na Scrúdaitheoirí Seachtracha agus Inmheánacha dóibh ceartúcháin a dhéanamh, ní mór dóibh **cóip cheartaithe amháin den tráchtas le clúdach crua air,** a leagan isteach chuig Oifig na Scrúduithe roimh an gcruinniú boird don tréimhse sin. Mura ndéanann iarrthóirí amhlaidh, ní cheadóidh an bord a dtráchtais agus ní bhronnfar céim orthu.

An Meabhránaí & Uachtarán Ionaid - An tOllamh Jim Browne